

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
23 Márta 2017



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

III Gníomhartha ullmhúcháin

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Tuairim Uimh. 1/2017 (*de bhun Airteagal 322, CFAE*) i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002, Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1307/2013, (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle — Athbhreithniú ar an “Rialachán Airgeadais” — Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298 26.10.2012, lch. 1) 1

GA

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

TUAIRIM Uimh. 1/2017

(de bhun Airteagal 322, CFAE)

i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002, Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1307/2013, (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Athbhreithniú ar an “Rialachán Airgeadais” — Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298 26.10.2012, lch. 1)

(2017/C 91/01)

CLÁR NA NÁBHAR

	Mír	Leathanach
ACHOIMRE.....	I - IX	3
RÉAMHRÁ.....	1 - 4	4
AN BONN LEIS AN TOGRA.....	5 - 6	4
Measúnú Tionchair.....	5 - 6	4
PRÍOMHPHOINTÍ NACH N-ÁIRÍTEAR SA TOGRA ÓN GCOIMISIÚN.....	7 - 27	5
Rialachas.....	7 - 15	5
Tuarascáil cuntasachta aonair.....	7 - 11	5
Meastachán ar an leibhéal earráide a fhoilsíú.....	12 - 13	6
An Coiste Iniúcháireachta.....	14 - 15	6
Iniúcháireacht sheachtrach.....	16 - 27	6
Ceart rochtana na Cúirte Iniúcháirí.....	16 - 17	6
Tuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúcháirí.....	18 - 20	6
Tuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúcháirí.....	21 - 22	7
Gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha (comhlachtaí de chuid an Aontais).....	23 - 27	7

	<i>Mír</i>	<i>Leathanach</i>
ATHRUITHE ATÁ BEARTAITHE AG AN GCOIMISIÚN.....	28 - 108	7
Simpliú dóibh siúd a fhaigheann cistí de chuid an Aontais.....	28 - 34	7
Sraith aonair rialacha á cur i bhfeidhm ar ghníomhartha hibrideacha nó teaghlaim de bhearta agus ionstraimí.....	35 - 41	8
Idirghabhálacha airgeadais.....	42 - 50	9
Solúbthacht bhuiséadach.....	51 - 63	11
Cistí iontaobhais.....	64 - 68	12
Ioncam sannta.....	69 - 76	13
Íocaíocht ar bhonn coinníollacha comhlíonta nó torthaí bainte amach.....	77 - 84	14
Creat feidhmíochta.....	85 - 89	14
Cuíchóiriú an tuairiscithe.....	90 - 99	15
Socruithe iniúcháireachta.....	100 - 108	17
Brath ar fhoinsí eile le haghaidh iniúchadh.....	100 - 105	17
Rialacha agus nósanna imeachta maidir le hiniúcháireacht.....	106 - 108	17
POINTÍ EILE A BREITHNÍODH.....	109 - 148	18
Cuntais bhliantúla.....	109 - 112	18
Urraíocht chorparáideach.....	113 - 116	18
Comhaontuithe seirbhíse.....	117 - 119	19
Rialacha soláthair phoiblí.....	120 - 123	19
Cumasc a dhéanamh idir an Painéal um “Mírialtachtaí Airgeadais” agus an Painéal um “Chóras Luathbhraite agus Luatheisiaimh”.....	124 - 128	20
Cóir dhifreáilte a dhéanamh ar infheisteoirí.....	129 - 131	21
Athrú na tréimhse incháilitheachta i gcomhair ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte.....	132 - 133	21
Rialacha maidir le gnóthú.....	134 - 136	21
Stádas “an fheirmeora ghníomhaigh”.....	137 - 139	21
Íocaíocht d’fheirmeoirí óga.....	140 - 142	22
Sainmhínte.....	143 - 148	22
IARSCRÍBHINN I — TÉACS MODHNAITHE AN CHOIMISIÚIN AGUS MOLTAÍ NA CÚIRTE.....		24
IARSCRÍBHINN II — TUAIRISCIÚ.....		28

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322 de, mar aon leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ⁽¹⁾, Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013 ⁽²⁾, (AE) Uimh. 1301/2013 ⁽³⁾, (AE) Uimh. 1303/2013 ⁽⁴⁾, (AE) Uimh. 1304/2013 ⁽⁵⁾, (AE) Uimh. 1305/2013 ⁽⁶⁾, (AE) Uimh. 1306/2013 ⁽⁷⁾, (AE) Uimh. 1307/2013 ⁽⁸⁾, (AE) Uimh. 1308/2013 ⁽⁹⁾, (AE) Uimh. 1309/2013 ⁽¹⁰⁾, (AE) Uimh. 1316/2013 ⁽¹¹⁾, (AE) Uimh. 223/2014 ⁽¹²⁾, (AE) Uimh. 283/2014 ⁽¹³⁾, (AE) Uimh. 652/2014 ⁽¹⁴⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ⁽¹⁵⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾,

Ag féachaint don iarraidh ón gComhairle ar thuairim ar an togra thuasluaite an 9 Nollaig 2016,

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

ACHOIMRE

I. Leagtar amach sa Rialachán Airgeadais (RA) na prionsabail agus na nósanna imeachta lena rialaítear bunú agus caiteachas buiséad an Aontais Eorpaigh (AE) agus rialú cistí de chuid an Aontais.

II. Breithnímid gur cheart don Choimisiún leas a bhaint as an athbhreithniú ar an RA chun a shocrú rialachais a ailíniú leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tugaimid aghaidh go háirithe ar na saincheisteanna a bhaineann le tuairisciú comhtháite, le meastachán ar an leibhéal earráide agus leis an gcoiste iniúchóireachta (mír 7 go mír 15).

III. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirimid i láthair ár dtuascálacha speisialta ar shlí a mheasaimid is dócha a fhágfaidh nach mbeidh siad chomh soiléir is atá. Is ábhar cúraim dúinn an iarracht sin rialáil a dhéanamh ar shaincheist atá ina gné bhunúsach dár neamhspleáchas (mír 18 go mír 22).

IV. Tacaímid go ginearálta leis an simpliú atá beartaithe i gcás faighteoirí cistí de chuid an Aontais (mír 28 go mír 34) agus molaimid go ndéanfaidh an Coimisiún soiléiriú ar na tograí maidir le cur le chéile modhanna nó ionstraimí i dtaobh an buiséad a chur chun feidhme (mír 35 go mír 41). Tugaimid chun suntais go bhféadfadh na hathruithe atá beartaithe ar ionstraimí airgeadais a bheith dearfach, ach go bhfuil soiléiriú de dhíth ina dtaobh (mír 42 go mír 50).

V. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athruithe mionsonraithe a dhéanamh ar na hoibríochtaí bainistíochta buiséadacha gan a cheistiú an bhfuil na sásraí atá ann cheana cuí go fóill. Breithnímid go bhfuil scóip ann i gcomhair simpliú nach beag ar na socruithe buiséadacha (mír 51 go mír 63). Ní thacaímid leis na hathruithe atá beartaithe ar úsáid ioncain shannta agus measaimid nach gá catagóir an ioncain shannta inmheánaigh a choimeád (mír 69 go mír 76).

VI. De bharr an tsnídh róluaith ar úsáid cistí iontaobhais go dtí beartais inmheánacha, tagann saincheisteanna chun cinn a bhaineann le riarachán, costas agus cuntasacht (mír 64 go mír 68).

⁽¹⁾ IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
⁽²⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 238.
⁽³⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 289.
⁽⁴⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 320.
⁽⁵⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 470.
⁽⁶⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 487.
⁽⁷⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
⁽⁸⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.
⁽⁹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
⁽¹⁰⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.
⁽¹¹⁾ IO L 348, 20.12.2013, lch. 129.
⁽¹²⁾ IO L 72, 12.3.2014, lch. 1.
⁽¹³⁾ IO L 86, 21.3.2014, lch. 14.
⁽¹⁴⁾ IO L 189, 27.6.2014, lch. 1.
⁽¹⁵⁾ IO L 158, 27.5.2014, lch. 227.
⁽¹⁶⁾ COM(2016) 605 final.

VII. Tacaímid le húsáid níos leithne a bhaint as íocaíochtaí ar bhonn coinníollacha comhlíonta nó torthaí bainte amach, agus iarraidimid soiléiriú breise ar an gcreat feidhmíochta atá beartaithe (mír 77 go mír 89).

VIII. Cé go gcuirimid fáilte roimh an ionchas i leith chomhdhlúthú na dtuarascálacha arna n-ullmhú ag an gCoimisiún, measaimid nach bhfuil measúnú iomlán déanta ar impleachtaí na n-athruithe sin. Bheadh na mílte leathanach i gceist sa “Phacáiste chomhtháite tuairiscithe airgeadais” a chuir an Coimisiún i láthair, agus bheadh dúbailt nach beag i gceist leis (mír 90 go mír 99).

IX. Tugaimid aghaidh freisin ar athruithe eile atá beartaithe ach nach bhfuil béim orthu sa mheabhrán míniúcháin, lena n-áirítear pointí a eascraíonn as athruithe ar rialacha earnálacha (mír 109 go mír 148).

RÉAMHRÁ

1. Soláthraítear sa Rialachán Airgeadais (RA) na prionsabail is infheidhme i leith bhuiséad ginearálta AE. Rachaidh athbhreithniú air i bhfeidhm ar an bpróiseas i dtaobh an buiséad a bhunú agus cistí a úsáid agus tugtar an deis leis feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais AE.

2. Cuid de na hathruithe atá beartaithe ag an gCoimisiún, ar nós cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid a bhaint as foirmeacha simplithe ranníocaíochtaí agus ar íocaíochtaí ar bhonn coinníollacha nó cuspóirí i ngach modh bainistíochta, d’fhéadfaidís a bheith ina gcúis le simpliú i ndáil le cistí de chuid an Aontais a bhainistiú agus a fháil. Tá a lán acu ina léiriú ar mholtaí de chuid na Cúirte ó thuarascálacha bliantúla le déanaí. Mar sin féin, ní fhéadfar rialacha mionsonraithe a chur in ionad rialachas fóna agus bainistíocht fhóna. Ionas go n-éireoidh leo, ní mór do bhaill foirne fhreagracha na hathruithe sin a chur i bhfeidhm agus ní mór do na comhlachtaí rialaithe monatóireacht a dhéanamh orthu.

3. Rinne an Coimisiún cur síos ar a thogra mar “athbhreithniú uailmhianach a dhéanamh ar na rialacha ginearálta airgeadais agus, chomh maith leis sin, na hathruithe comhfhreagracha a dhéanamh ar na rialacha airgeadais earnálacha”⁽¹⁾. Deir sé freisin go gcuideíonn sé le dhá cheann de phríomhchuspóirí an athbhreithnithe ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil: simpliú agus solúbthacht. Tugtar isteach leis cuid mhór athruithe mionsonraithe a bhaineann go háirithe leo seo a leanas:

- deontais (mír 28 go mír 34 thíos),
- idirghabhálacha airgeadais (mír 42 go mír 50),
- idirghabhálacha buiséadacha (mír 51 go mír 63),
- ranníocaíochtaí ar bhonn torthaí (mír 77 go mír 84),
- tuairisciú (mír 90 go mír 99).

4. Sa chéad chuid den tuairim uainn (mír 7 go mír 27), tugaimid aghaidh ar shaincheisteanna a mheasamar ba cheart a bheith san áireamh sa Rialachán Airgeadais atá beartaithe (RAB). I mír 28 go mír 148 thíos, tugtar aghaidh ar athruithe atá beartaithe ag an gCoimisiún, agus tá siad leagtha amach ar aon dul leis an meabhrán míniúcháin.

AN BONN LEIS AN TOGRA

Measúnú Tionchair

5. De réir an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart don Choimisiún measúnuithe tionchar a dhéanamh ar a chuid tionscnaimh reachtach agus neamhreachtach, gníomhartha tarmligthe agus bearta cur chun feidhme a mheastar a mbeidh tionchar nach beag acu ar chúinsí geilleagracha, comhshaoil nó sóisialta. Breithnímid gur cheart don Choimisiún measúnú tionchair a dhéanamh sular fhoilsigh sé an togra⁽²⁾.

6. D’fhonn cabhrú le cuspóir an chomhaontaithe idirinstitiúidigh a bhaint amach, molaimid a thabhairt isteach in RA an ceanglas i dtaobh measúnuithe tionchair a dhéanamh i leith tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha, gníomhartha tarmligthe agus bearta cur chun feidhme a mheastar a mbeidh tionchar nach beag acu ar chúinsí geilleagracha, comhshaoil nó sóisialta.

⁽¹⁾ Meabhrán míniúcháin — lch. 2.

⁽²⁾ Thugamar barúlacha den chineál céanna ar, mar shampla, an athbhreithniú meántéarmach ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, ar rialachán (AE) 2015/1017 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS), agus ar thogra COM(2016) 597 maidir le rialachán CEIS a leasú.

PRÍOMHPHOINTÍ NACH NÁIRÍTEAR SA TOGRA ÓN gCOIMISIÚN**Rialachas ⁽¹⁾****Tuarascáil cuntasachta aonair**

7. Ní chuireann an Coimisiún i bhfeidhm aon chreat rialachais aitheanta, ná ní léiríonn sé ina chuid tuarascálacha bliantúla a mhéid a leantar creat dá leithéid ⁽²⁾. Cé go n-ullmhaítear na cuntais i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Chuntasaíocht san Eanáil Phoiblí, níl aon tuarascáil ag gabháil leo ina dtugtar léargas foriomlán ar rialachas, feidhmíocht agus straitéis an Choimisiúin os coinne na rioscaí i ndáil lena chuid spriocanna a bhaint amach. Soláthraíonn an Coimisiún meastachán ar leibhéal na n-idirbheart neamhdhleathach agus neamhrialta (féach freisin mír 12) sa Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta (sa “tuarascáil sintéise” go dtí tuarascáil na bliana 2015), ach ní dhéantar é sin a tharchur ach chuig páirtithe leasmhara, muid féin san áireamh, tar éis an t-iniúchadh bliantúil a bheith curtha i gcrích. Déantar faisnéis a scaipeadh (agus a athlua uaireanta) i ndoiciméid ar leibhéal an Choimisiúin agus na hArd-Stiúrthóireachta (AS) a chuirtear i láthair ar leithligh le linn na bliana (agus iad ródhéanach go minic lena mbreithniú taobh leis an iniúchadh ar na cuntais bhliantúla ná le déileáil leo inár dtuarascáil bhliantúil).

8. Breithnímid gur cheart don Choimisiún leas a bhaint as an athbhreithniú ar RA mar dheis chun a shocrúithe rialachais a nuashonrú. Tugtar isteach le RAB roinnt athruithe chun dul i ngleic le rialachas; níl siad sin ag teacht i gcónaí leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, áfach, agus ní thugtar aghaidh sa togra ar roinnt príomheilimintí den rialachas.

9. Ba cheart don Choimisiún cuíchóiriú breise a dhéanamh ar thuairiscí, trí thuarascáil cuntasachta aonair (de rogha) nó sraith tuarascálacha (mar mhalairt air sin) a eisiúint. Ba cheart doiciméad soiléir amháin a bheith ag an údarás um urscaoileadh ina míníonn an Coimisiún a ghníomh, an úsáid a bhain sé as an mbuiséad agus na torthaí a baineadh amach. Cuirimid fáilte roimh bheart an Choimisiúin chun roinnt tuarascálacha a chomhdhlúthú sa “phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite”. Ionas go mbeadh an pacáiste sin ina thuarascáil cuntasachta aonair (agus, go deimhin, gur phacáiste comhtháite a bheadh ann i ndáiríre), áfach, ní mór an méid seo a leanas a bheith amhlaidh ina leith:

— dhéanfaí dúbailt a sheachaint (mar shampla, bheadh ceartúcháin agus gnóthuithe faoi chaibidil sa phacáiste i gcúig áit éagsúla);

— chuirfí faoi bhráid na n-iniúcháirí é mar aon phacáiste amháin; agus

— thabharfaí léargas cuimsitheach (ach ní léargas uileghabhálach) ar ghníomhaíochtaí na bliana.

10. Mar a mholaimid i dTuarascáil Speisialta Uimh. 27/2016, d’áireofaí sa tuarascáil sin:

— tuarascáil ón Uachtarán;

— faisnéis ar ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus ar bhaint amach cuspóirí beartais;

— plé faoi rioscaí oibriúcháin agus straitéise;

— tuarascáil ar fheidhmíocht neamhairgeadais;

— ráiteas rialachais;

— tuarascáil maidir le ról agus conclúidí an Choiste Iniúcháireachta; agus

— ráiteas i dtaobh inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántearma agus san fhadtearma, mar aon le, i gcás inarb iomchuí, naisc le faisnéis atá i dtuarascálacha eile.

Tá cuid den fhaisnéis sin ar fáil cheana féin. Leagaimid amach in *Iarscríbhinn II* na tuarascálacha atá ann cheana féin, an togra ón gCoimisiún agus an togra uainne.

11. Ba cheart don Choimisiún an tuarascáil cuntasachta aonair nó an tsraith tuarascálacha sin a chur i láthair in am trátha i gcomhair iniúchadh ar na cuntais agus seiceálacha a dhéanfaidh an t-iniúcháir go bhfuil an fhaisnéis eile arna cur i láthair inti ag teacht leis an bhfaisnéis chuntasaíochta. Pléimid thíos tuilleadh leasuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún lena n-aistreofaí tuairiscí AE go dtí struchtúr níos fearr (agus níos comhtháite).

⁽¹⁾ Tá an chuid seo bunaithe ar na barúlacha agus na moltaí ón Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2016 uainn, “Rialachas ag an gCoimisiún Eorpach — an dea-chleachtas?”.

⁽²⁾ Féach freisin Airteagal 1 de Threoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais agus faisnéise éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe (IO L 330, 15.11.2014, lch. 1).

Meastachán ar an leibhéal earráide a fhoilsíú

12. Sa chás ina bhfuil baol ard mírialtachta i gceist is de réir an dea-chleachtas ⁽¹⁾ é an riosca a phlé agus an leibhéal agus an tionchar dóchúil a chainníochtú. Tá a lán ball foirne de chuid an Choimisiúin ag obair i réimse na hiniúcháireachta agus an rialaithe, agus, ina theannta sin, éilíonn reachtaíocht AE seiceálacha fairsing ar chaiteachas ag comhlachtaí a bhainistíonn cistí de chuid an Aontais. Díreann an-aird i dtuairisciú an Choimisiúin ar an ábhar sin ar “acmhainn cheartaitheach” (an fhéidearthacht i dtaobh éilimh chaiteachas a dhícheadú tar éis don Choimisiún glacadh leo ar dtús) seachas ar chainníochtú agus anailís a dhéanamh ar chineál na n-earráidí a aithnítear ann. Ní sholáthraítear sa phríomhdhoiciméad ina leith sin (“Cosaint bhuiséad AE”) aon mheastachán ar an leibhéal mírialtachta atá i mbunéilimh nó in éilimh cheadaithe ar aisíocaíocht.

13. Molaimid an ceanglas a thabhairt isteach in RAB go bhfoilseodh an Coimisiún ⁽²⁾ mar chuid de na cuntais bhliantúla nó den fhaisnéis a ghabhann leo meastachán ar an leibhéal earráide ar bhonn modheolaíocht chomhsheasmhach agus an fhaisnéis sin a chur inár láthair féin mar aon leis na cuntais shealadacha (i.e. sa dréacht-tuarascáil cuntasachta aonair).

An Coiste Iniúcháireachta

14. Chun an dea-chleachtas a chomhlíonadh i réimse chomhlachtaí rialaithe na hearnála poiblí ní mór coiste iniúcháireachta nó grúpa nó feidhm choibhéiseach a bhunú ⁽³⁾. Ar bhonn an mheasúnaithe uainn, imíonn Coiste an Choimisiúin um Dhul Chun Cinn Iniúcháireachta ón dea-chleachtas sa mhéid nach bhfuil ach mionlach beag dá bhallraíocht neamhspleách ar an institiúid ⁽⁴⁾, agus nach bhfuil tuairisciú airgeadais, mírialtachtaí agus bainistíocht riosca cumhdaithe faoin sainchúram atá air ⁽⁵⁾.

15. Ba cheart don Choimisiún tapú a dhéanamh ar an deis athbhreithniú a dhéanamh ar RA chun ceanglais shonracha a thabhairt isteach maidir le cruthú agus feidhmiú coiste iniúcháireachta laistigh d’institiúidí AE le ról caiteachais agus chun a chomhdhéanamh agus raon feidhme a chuid oibre a ailíniú leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Iniúcháireacht sheachtrach

Ceart rochtana na Cúirte Iniúcháirí

16. Is tábhachtach an rud é an fhaisnéis atá de dhíth orainn chun ár n-iniúchadh a dhéanamh a chur ar fáil go tráthúil, éifeachtach. Teastaíonn rochtain dhíreach ar shonraí an Choimisiúin uainn mar aon leis an gcumas anailís a dhéanamh ar na sonraí sin inár n-áitreabh féin, lenár n-uirlisí anailíse sonraí féin, nuair is gá. Ba cheart na doiciméid atáimid ceaptha a scrúdú a chur ar fáil go luath (agus an leagan dréachta díobh) ionas gur féidir linn tuairisciú tráthúil a áirithiú.

17. Áirítear in Airteagal 249 de RAB forálacha maidir lenár rochtain ar dhoiciméid agus sonraí arna stóráil go leictreonach. Breithnímid go bhfuil soiléiriú breise riachtanach, go háirithe i gcás na bhforálacha a bhaineann le ceart rochtana ar chórais TF. Áirímid in *Iarscríbhinn I* an togra uainn maidir le hAirteagal 249 a mhodhnú.

Tuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúcháirí

18. In Airteagal 250 tá sé beartaithe ag an gCoimisiún laghdú a dhéanamh ar an am atá ar fáil dúinn chun barúlacha a tharchur a bheadh le feiceáil sa tuarascáil bhliantúil tríd an spriocdháta a athrú ón 30 Meitheamh go dtí an 15 Meitheamh. Níl aon athrú comhréireach beartaithe i dtaobh an fhaisnéis a fháil ón gCoimisiún, áfach. Ionas go gcoinneofaí leis an éacht a baineadh amach in 2016, nuair a foilsíodh an tuarascáil bhliantúil uainn mí níos luaithe ná mar a bhí ceangailte, ba cheart coigeartú dá réir a dhéanamh ar na spriocdhátaí don Choimisiún agus do na hinstiúidí eile i ndáil lena gcuntais bhliantúla agus faisnéis ghaolmhar a sholáthar. Mar shampla, ba cheart an spriocdháta le haghaidh na cuntais chomhdhlúite deiridh a sheoladh (Airteagal 238(5)) a athrú ón 31 Iúil go dtí an 30 Meitheamh agus ba cheart an spriocdháta maidir leis na freagraí a fháil ó na hinstiúidí ar na barúlacha i gcomhair na tuarascála bliantúla a athrú ón 15 Deireadh Fómhair go dtí an 15 Iúil (Airteagal 250(1)) (féach freisin *Iarscríbhinn II*).

⁽¹⁾ Áirítear le samplaí den dea-chleachtas: an Ríocht Aontaithe, cuntais bhliantúla na Roinne um Obair agus Pinsin; Éire, cuntais bhliantúla na Roinne Coimirce Sóisialaí.

⁽²⁾ Féach moladh 2(f) de Thuarascáil Speisialta Uimh 27/2016. Ghlac an Coimisiún leis an moladh sin.

⁽³⁾ CIPFA, IFAC “International Framework: Good Governance in the Public Sector”, 2014, lgh. 29-30. Tá coistí iniúcháireachta ag an gCoimisiún, ag an gCúirt Iniúcháirí, ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ag Coiste na Réigiún, agus comhdhéanamh éagsúil acu, mar aon le rólí éagsúla.

⁽⁴⁾ Tá an Coimisiún ag iarraidh comhalta neamhspleách amháin eile a chur leis faoi láthair.

⁽⁵⁾ Tuarascáil Speisialta Uimh 27/2016, mír 65.

19. Chun léiriú níos fearr a thabhairt ar chuspóir agus cineál an “nós imeachta sáraíochta” molaimid na chéad dá abairt d’Airteagal 250 a athrú mar atá molta in *Iarscríbhinn I*.

20. Maidir le freagraí na n-institiúidí a chuimsiú sna tuarascálacha uainn, measaimid go bhfuil sé ina ghné dhílis de neamhspleáchas riaracháin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an chumhacht a bheith aici a chinneadh conas ár dtuarascálacha a chur i láthair i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le hiniúcháireacht. Breithnímid go dtógann foilsiú na bhfreagraí ó gach institiúid “in aice” lenár mbarúlacha ó líofacht agus inléiteacht an téacs, go háirithe nuair is faide na freagraí ná ár dtéacs féin. Ar an mbonn sin, molaimid na freagraí i gcomhair na tuarascála bliantúla a fhoilsiú ag deireadh ár dtéacs féin i leith gach caibidil, ar an mbonn céanna leis an gcleachtas atá ann faoi láthair le haghaidh tuarascálacha speisialta.

Tuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí

21. Baineann an trácht uainn ar an “nós imeachta sáraíochta” (féach mír 19) freisin leis na tuarascálacha speisialta dá dtagraítear in Airteagal 251. I ndáil leis an spriocdháta sé seachtaine d’institiúidí arna n-iniúchadh i dtaobh a gcuid freagraí a sholáthar, measaimid nach bhfuil aon ghá tagairt a dhéanamh don spriocdháta a chur ar fionraí, ná cúis fhéideartha a thabhairt leis sa leibhéal reachtaíochta seo.

22. I ndáil leis an athrú atá beartaithe sa mhír ar shuíomh na bhfreagraí i dtuarascálacha speisialta, luaimid arís an seasamh uainn atá sonraithe i mír 20 thuas go sáraíonn sé sin neamhspleáchas riaracháin dlísteanaigh na Cúirte. Ina theannta sin, tar éis dúinne aistriú le déanaí chuig foilsiú gan pháipéar tá bealaí nua á bhforbairt againn chun ár dtorthaí a chur i láthair. Áirítear leis sin iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna éagsúla i dtaobh ríomhfhoilsiúitheoireachta, lena n-áirítear solúbthacht a bheith ag an léitheoir maidir le conas is mian leis nó léi féachaint ar an téacs. Molaimid dá bhrí sin cloí leis an bhfoclaíocht atá ann faoi láthair, “go bhfoilseofar, i dteannta na tuarascála speisialta”.

Gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí poiblí-priobháideacha (comhlachtaí de chuid an Aontais)

23. Foráiltear in Airteagal 69(6) de RAB go leanfar ar aghaidh leis an iniúcháireacht a dhéanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha ar chuntais na gcomhlachtaí arna mbunú faoin CFAE agus faoi Chonradh Euratom a fhaigheann ranníocaíochtaí ó bhuiséad AE (i.e. gníomhaireachtaí) roimh a gcomhdhlúthú i gcuntais AE. Dá bhrí sin, leanfaimis ar aghaidh ag glacadh a gcuid torthaí iniúcháireachta san áireamh agus ár gcuid tuarascálacha féin á n-ullmhú. Leis an socrú faoina ndéanadh iniúchóirí seachtracha iniúchadh, ní amháin ar na cuntais féin, ach ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart ba bhun leis na cuntais sin, chuirfí feabhas maith ar shocruithe a bhí ann roimhe sin.

24. Is lú buiséid iomlána na ngníomhaireachtaí ná 2 % de bhuiséad AE ina iomláine. In ainneoin a gcaiteachas teoranta, bíonn ról nach beag ag gníomhaireachtaí maidir le beartais AE a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus chuirfeadh socruithe níos éifeachtaí i leith ghnéithe athfhillteacha an iniúchta bhliantúil ar ár gcumas dúinn díriú níos mó ar a gcuid feidhmíochta.

25. Faoi láthair eisimid tuarascáil shonrach bhliantúil i leith gach gníomhaireachta. Áirítear sna tuarascálacha ráiteas dearbhaithe (tuairim ar na cuntais agus ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart) agus, más gá, tuairimí ar phointí a mbaineann tábhacht ar leith leo. In 2016, foilsíodh 41 tuarascáil den sórt sin, le 82 tuairim agus timpeall is 90 trácht faoi leith. Chun an éifeachtacht a fheabhsú molaimid leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le tuairisciú bliantúil. Molaimid go bhféadfaimis smaoineamh san am atá le teacht ar thuarascáil iniúchta chomhdhlúite amháin a eisiúint lena gclúdófar gach gníomhaireacht.

26. Molaimid an socrú seo a leanas i ndáil leis an iniúchadh ar na comhlachtaí sin. Chomh maith leis na cuntais, ba cheart don iniúchóir seachtrach fíorú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, cé gur muid féin a bheadh freagrach go fóill as ráitis deiridh dearbhaithe a eisiúint i leith na gcomhlachtaí go léir. D’fhágfadh an tsamhail sin ar ár gcumas dúinn a bheith ag brath a mhéid is féidir ar an obair a dhéanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha agus freisin ar an obair a dhéanann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach. Áirímid in *Iarscríbhinn I* an togra uainn maidir leis na hairteagail ghaolmhara a mhodhnú.

27. Ba chóir an réiteach a ghlacfar a chur i bhfeidhm chomh maith i leith na gcomhlachtaí comhpháirtíochta poiblí-priobháideacha a ndéileáiltear leo in Airteagal 70.

ATHRUITHE ATÁ BEARTAITHE AG AN gCoimisiún

Simpliú dóibh siúd a fhaigheann cistí de chuid an Aontais

28. Baineann na bearta atá a dtabhairt isteach ag an gCoimisiún le deontais agus foirmeacha simplithe ranníocaíochta AE.

An togra ón gCoimisiún

29. Baineann na príomhathruithe atá beartaithe leo seo a leanas:

- foirmeacha simplithe ranníocaíochta ón Aontas a chur ar chomhchéim le maoiniú atá bunaithe ar aisíoc costas incháilithe (Airteagal 121(b)-(d)),
- sa chás ina gceadaítear é sa bhunghníomh, leathnú a dhéanamh ar úsáid foirmeacha simplithe deontas chuig oibríochtaí bainistíochta indíri agus an nós imeachta údarúcháin ina dtaobh a chuíchóiriú (arna chinneadh ag an oifigeach údarúcháin) agus cur lena bhfócas ar aschur (Airteagal 175),
- fáil réidh leis an bprionsabal “neamhbhrabúis” ⁽¹⁾ i gcás faighteoirí deontais,
- an rogha a thabhairt isteach chun aitheantas a thabhairt d’obair dheonach mar chostais incháilithe (Airteagal 175(8), Airteagal 180(2)(b)),
- díolúine a thabhairt i leith deontais do dhaoine nádúrtha le haghaidh tacú le staidéar, taighde, oiliúint nó oideachas nó tacaíocht dhíreach do dhaoine dífhostaithe nó dídeanaithe ó phrionsabal na dámhachtana neamhcharnaí gan maoiniú dúbailte (Airteagal 185).

Ár n-anailís

30. Ní sholáthraítear in RAB treoracha maidir le scéimeanna caiteachais a dhearadh. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair na cineálacha tionscadal a bhainfidh tairbhe as an simpliú sin a aithint. Mar an gcéanna, níl sé soiléir ag an bpointe seo conas mar a bhainfeadh amach iarbhir mian an Choimisiúin chun béim níos mó a leagan ar cháilíocht na dtáirgí insoláthartha (aschuir) agus ar cháilíocht mheasúnacht an oifigigh údarúcháin ar nósanna imeachta cuntasáíochta costála.

31. Is beag cás faoi láthair ina bhfeidhmíonn an Coimisiún an ceart atá aige chun brabúis a ghnóthú. Tugann an Coimisiún ar aird ⁽²⁾ gur cheart leas a bhaint as ionstraimí airgeadais seachas deontais mar rogha réamhshocráithe i dtaobh cistiú a dhéanamh ar thionscadail trína ngintear ioncam.

32. Trí aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann oibríthe deonacha mar “costais incháilithe” chun críche an chómhaoinithe, spreagfar tairbhíthe chun úsáid níos mó a bhaint as an ionchur sin, rud a fhágfaidh go n-aisíocfar go hiomlán iad as gach costas eile arna thabhtú, agus mar sin is ar bhuiséad AE a thitfidh iomlán an riosca i dtaobh caiteachas míchuí. D’fhágfaidh an togra níos casta fíorú an chómhaoinithe ag an gCoimisiún agus ríomh na gcostas indíreach. I bhfianaise an togra cur le maoiniú ar bhonn torthaí seachas aisíocaíocht costas incháilithe, measamar gur castacht gan ghá é an togra seo lena gcuirtear leis an mbaol earráide.

33. Féachtar sa togra seo le simpliú a dhéanamh ar bhainistíocht deontas arna n-íoc le daoine nádúrtha atá luaite in Airteagal 185 trí cheadú do chineálacha sonracha tairbhíthe níos mó ná aon deontas amháin a fháil, agus trí cheadú go mbeadh na costais céanna á gcistiú níos mó ná uair amháin ag buiséad AE.

Conclúid

34. Ag teacht leis an anailís uainn thuas:

- ní fheicimid gur gá fáil réidh leis an bprionsabal “neamhbhrabúis”;
- cé go dtacaímid leis an rún rialacha a shimpliú, níor cuireadh i luí orainn gur fóna an rud é ligean do thairbhíthe an ceanglas maidir le cómhaoiniú a chomhlíonadh díreach trí luach a chur ar an obair gan íocaíocht a dhéanann oibríthe deonacha. Thabharfaí aghaidh ar an gcuspóir sin ar shlí ní b’fhearr ach úsáid a bhaint as struchtúir chistiúcháin a bheadh bunaithe ar chuspóirí amháin;
- dar linne, ba cheart an díolúine atá beartaithe in Airteagal 185 a shrianadh don chéad dá mhír den airteagal i.e. prionsabal na dámhachtana neamhcharnaí.

Sraith aonair rialacha á cur i bhfeidhm ar ghníomhartha hibrideacha nó teaghlaim de bhearta agus ionstraimíAn togra ón gCoimisiún

35. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm:

- agus modhanna cur chun feidhme nó ionstraimí cur chun feidhme buiséid (amhail deontais agus ionstraimí airgeadais) á gcur le chéile (Airteagal 208(2)), nó

⁽¹⁾ Foráiltear in Airteagal 125 den Rialachán Airgeadais reatha (RAR) mar seo a leanas: “Ní fhéadfaidh sé a bheith de chuspóir ná d’éifeacht ag deontais brabús a dhéanamh” (prionsabal neamhbhrabúis) agus “I gcás ina ndéantar brabús, beidh an Coimisiún i dteideal céatadán an bhrabúis a chomhfhreagraíonn le ranníocaíocht an Aontais [...] a ghnóthú”.

⁽²⁾ Meabhrán míniúcháin — lch. 6.

- trí chur chun cinn a dhéanamh ar “meascán acmhainní” (a chuirfidh ar a gcumas do Bhallstáit a iarraidh go n-aistreofaí acmhainní faoi chur chun feidhme comhroinnte chuig an Aontas agus go gcuirfeadh an Coimisiún chun feidhme iad go díreach nó go hindíreach (Airteagal 125),
- agus é ag obair le “páirtithe iontaofa” ⁽¹⁾.

36. Áirítear leis na hathruithe ar na rialacháin eárnála freisin an fhéidearthacht cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE) a chur le chéile le hionstraim arna cistiú faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS).

37. Tugann an Coimisiún isteach na comhaontuithe comhpháirtíochta réime airgeadais i gcur chun feidhme díreach agus indíreach. D’fhágfaidís sin go bhféadfaí comhaontuithe iniúchóireachta a chur i gcrích le daoine agus eintitis a chuireann chun feidhme cistí de chuid an Aontais nó tairbhíthe deontas.

Ár n-anailís

38. Tá teideal nua “Comhrialacha” cruthaithe ag an gCoimisiún lena bhféachtar le grúpáil a dhéanamh ar na rialacha go léir is infheidhme maidir le níos mó ná modh amháin um chur chun feidhme buiséid. Tacaímid leis an uaimhian is bonn leis sin. Mar atá amhlaidh i gcás teidil eile (soláthar, deontais — féach mír 120 go mír 123), áfach, caitear leis na hábhair sin in áiteanna eile sa togra freisin. Dá bhrí sin ní bhaintear amach an simpliú is inmhianaithe ar an téacs.

39. D’fhéadfadh rioscaí amháil cistiú dúbailte nó plódú infheistíochtaí príobháideacha a theacht chun cinn de bharr ionstraimí cistiúcháin éagsúla a chur le chéile, agus ní mór na rioscaí sin a bhainistiú. Ina theannta sin, beidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfaidh teaglain den sórt sin prionsabal an chómhainithe agus rialacha maidir leis an státchabhair. Breithnímid gur cheart monatóireacht leordhóthanach a dhéanamh ar chur le chéile na n-ionstraimí cistiúcháin, lena n-áirítear i dtéarmaí na dtorthaí agus na gcuspóirí a bhaintear amach, agus iad sannta agus tuairiscithe go cuí, chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú.

40. Tuigimid go mbaineann an togra in Airteagal 126(3) maidir le comhaontuithe iniúchta leis an gCoimisiún. Ar mhaithe le soiléire, ba cheart a shonrú nach gcuirfidh comhaontuithe iniúchóireachta ná comhaontuithe fíorúcháin srian ar an rochtain atá againn ar fhaisnéis atá riachtanach chun cistí de chuid an Aontais a iniúchadh. Ina theannta sin, measaimid go bhfuil an tagairt san abairt deiridh d’Airteagal 126(3) don chomhaontú tríthaobhach idir an Chúirt Iniúchóirí, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Coimisiún (dá bhforáiltear in Airteagal 287(3) CFAE) iomarcach agus gur cheart í a scríosadh.

Conclúid

41. Molaimid:

- a iarraidh go mbunóidh an Coimisiún coimirce leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le foinsí cistithe a chur le chéile; agus
- Airteagal 126(3) a leasú mar atá beartaithe in *Iarscríbhinn I*.

Idirghabhálacha airgeadais

An togra ón gCoimisiún

42. Áirítear leis na príomhathruithe a tugadh isteach sa réimse sin:

- creat rialála aonair a bhunú do chineálacha éagsúla oibríochtaí airgeadais AE (Teideal X);
- caighdeánú a dhéanamh ar mar a chaitear le hioncam sannta inmheánach arna ghineadh trí oibríochtaí airgeadais (Airteagal 20 agus Airteagal 202(2)) (féach freisin mír 69 agus mír 76);
- sainiú a dhéanamh ar uasmhéid dhliteanais airgeadais an Aontais (Airteagal 203);
- ciste don soláthar coiteann agus glanráta soláthair a bhunú (Airteagal 205 agus 206);
- luach saothair ar bhonn feidhmíochta do na heintitis nó na contrapháirtithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme ráthaíochtaí buiséadacha (de bhreis orthu siúd a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais (Airteagal 202(1)(g)));
- a cheangal go ndéanfaí meastóireachtaí *ex-ante* ar ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha, astu féin nó mar chuid de chlár (Airteagal 202(1)(h));
- doiciméad tuairiscithe bhliantúil aonair a chruthú i gcás ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnaimh airgeadais (Airteagal 207 agus Airteagal 242).

⁽¹⁾ Eintitis a bhféadfaidh an Coimisiún caidreamh níos iontaofa a chothú leo ar bhonn measúnú *ex-ante* nó ar bhonn an cheanglais nósanna imeachta sonracha a úsáid.

43. Cuirtear srian in Airteagal 203 le huasmhéideanna dliteanas airgeadais AE do na trí chineál oibríochtaí airgeadais. Tugaimid chun suntais go bhféadfadh ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais dliteanais theagmhasacha a ghiniúint do AE agus nach gá gur leor an tsuim ar seilbh i sócmhainní airgeadais chun na dliteanas airgeadais a chumhdach.

44. Na rioscaí airgeadais a éiríonn as ráthaíocht buiséid nó cúnamh airgeadais, tá siad clúdaithe ag soláthar a léiríonn céatadán (ráta soláthair) de mhéid an dliteanais airgeadais arna údarú. Tugtar aghaidh sna soláthairtí i gcomhair ionstraimí airgeadais ar na híocaíochtaí amach anseo a bhaineann le ceangaltas buiséadach na hionstraime. Tá é beartaithe go gcoinneofar na soláthairtí sin i gciste don soláthar coiteann, á bhainistiú go díreach ag an gCoimisiún (Airteagal 205). Faoi RAB freisin, ceadáítear barrachas na soláthairtí a aistriú idir ráthaíochtaí buiséadacha nó oibríochtaí cúnamh airgeadais (Airteagal 206(3)(a)).

Ár n-anailís

45. Cuirimid fáilte roimh an togra ón gCoimisiún ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais a chur san áireamh faoin Rialachán Airgeadais agus na cineálacha éagsúla oibríochtaí airgeadais de chuid AE a ghrúpáil faoin teideal céanna chomh maith.

46. Ní mhínítear sa togra maidir le bunú an chiste don soláthar coiteann feidhmiú an chiste sin, ríomh an ghlánráta soláthair ná an gaol idir an ráta soláthair arna shocrú faoin ngníomh bunúsach agus an glánráta soláthair.

47. Breithnímid gur rud dearfach iad na táillí bunaithe ar fheidhmíocht (Airteagal 202(1)(g)) ach tugaimid chun suntais nach mór comhaontuithe agus bearta feidhmíochta a bheith dea-dheartha agus go gcuirfear chun feidhme go cúramach iad. Níor cheart don Choimisiún, áfach, a cheadú go ndéanfaí táillí riaracháin a ríomh mar chéatadán de ranníocaíocht charnach AE arna gealladh (lena n-áirítear ceangaltas bhuiséadacha neamhghlaite).

48. Tacaímid leis an gceangaltas maidir le meastóireachtaí *ex-ante* le haghaidh oibríochtaí airgeadais AE agus measaimid gur cheart forálacha a dhéanamh chun gur féidir meastóireachtaí eatramhacha a dhéanamh d'fhonn athruithe ar na dálaí margaidh a chur san áireamh ⁽¹⁾.

49. I láthair na huaire is féidir an fhaisnéis ar oibríochtaí airgeadais AE a fháil i dtuarascálacha éagsúla ⁽²⁾. Cuirimid fáilte roimh an togra ón gCoimisiún gach ceangaltas tuairiscithe (seachas an ceangaltas i leith nochtadh sna cuntais bhliantúla agus san fhaisnéis a ghabhann leo) a chumasc in aon doiciméad amháin ag gabháil leis an dréachtbhuiséad ⁽³⁾. Glacaimid leis go soláthrófar ann ar a laghad an leibhéal céanna faisnéise is atá sna tuarascálacha atá ann faoi láthair agus go gclúdófar ann an staid amháin an 30 Meitheamh i mbliain an fhoilsithe.

Conclúid

50. Molaimid:

- a leagan síos in RAB an bonn d'feidhmiú an chiste don soláthar coiteann agus do ríomh an ghlánráta soláthair;
- glacadh leis an togra maidir le táillí a íoc ar bhonn feidhmíochta, agus na tuairimí uainn thuas san áireamh;
- glacadh le tabhairt isteach meastóireachtaí *ex-ante* i dtaca le hoibríochtaí airgeadais;
- soiléiriú a dhéanamh ar an tréimhse a chlúdófar agus an fhaisnéis a áireofar sa doiciméad tuairiscithe bhliantúil (Airteagal 207).

⁽¹⁾ Féach freisin Moladh 1 de Thuarascáil Speisialta Uimh 19/2016 — Buiséad an Aontais a chur chun feidhme trí bhithin ionstraimí airgeadais — ceachtanna le foghlaim as clárthréimhse 2007-2013.

⁽²⁾ Mar shampla: "Doiciméad oibre a ghabhann leis an Dréachtbhuiséad 2017"; "Iarscríbhinn maidir le hionstraimí airgeadais a ghabhann le Buiséad 2017"; "Tuarascáil bhliantúil maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le hionstraimí airgeadais"; "Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an chúnamh mhacra-airgeadais do thríú tíortha in 2015"; "Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le ráthaíochtaí a chumhdaítear leis an mbuiséad ginearálta. An staid amháin an 31 Nollaig 2015"; "Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Aontais Eorpaigh i dtaobh na bliana 2015".

⁽³⁾ Ní mór an doiciméad sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 1 Meán Fómhair den bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur chun feidhme.

Solúbthacht bhuiséadach

An togra ón gCoimisiún

51. Tá bearta curtha i láthair ag an gCoimisiún chun “solúbthacht” bhuiséadach a fheabhsú. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu sin mar seo a leanas:

- “cosaint solúbthachta” ⁽¹⁾ a chruthú i gcás ionstraimí áirithe sa ghníomh seachtrach (Airteagal 12(2)(e));
- “an cúlchiste diúltach” a mhéadú ⁽²⁾ (Airteagal 48);
- maolú a dhéanamh ar na rialacha i dtaobh “ionstraimí speisialta” (Airteagal 28(1)(e) agus Airteagal 30(5));
- a cheadú do na Ballstáit acmhainní arna leithdháileadh dóibh faoi bhainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig ionstraimí arna mbainistiú ar leibhéal an Aontais (Airteagal 125; Airteagal 265(6) — Airteagal 30a de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013);
- na rialacha maidir le tabhairt anonn (Airteagal 12) agus ioncam sannta (féach mír 69 go mír 76) a athrú sa chaoi is go méadófar na cistí atá ar fáil agus raon feidhme an Choimisiúin i dtaobh cinneadh a dhéanamh faoi cén áit agus conas a chaithfear iad;
- cur le cumhachtaí cinnteoireachta an Choimisiúin, go ginearálta, i ndáil le haistriú buiséid a dhéanamh agus cistí a bhogadh idir blianta (Airteagal 28 go hAirteagal 30).

Ár n-anailís

Cosaint solúbthachta

52. Cuireann an togra le castacht an chórais bhuiséadaigh trí chúlchiste breise amháin a chruthú agus eisceacht amháin eile a chur le hAirteagal 12(2) a bhaineann le tabhairt anonn (féach freisin mír 57 go mír 60).

Cúlchiste diúltach

53. Níor baineadh leas as “cúlchiste diúltach” ach amháin in 2011. Ní thugtar réasúnú láidir sa togra i leith na hiarrata a acmhainneacht a dhúbailt go dtí EUR 400 milliún.

Aistrithe ó bhainistíocht chomhroinnte go dtí leibhéal an Aontais

54. Gan an fhoráil nua seo, chuirfí na hacmhainní atá i gceist ar ais i mbuiséad AE mura n-úsáidfí iad roimh an dáta dlite. I gcás aistrithe ó ionstraimí faoi chur chun feidhme comhroinnte go dtí ionstraimí faoi chur chun feidhme díreach nó indéreach, d'fhéadfadh sé nach amháin gur aistrithe leithreasáid idir Ballstáit a bheadh iontu iarbhír ⁽³⁾, ach gur aistrithe idir teidil de chuid an bhuiséid a bheadh i gceist leo agus go bhféadfaidís athrú a dhéanamh ar an leithdháileadh acmhainní idir cheanteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil.

55. Is cosúil nach bhfuil aon fhoráil déanta maidir le rannpháirtíocht an údaráis bhuiséadaigh. Toisc go bhféadfaí a mheas gur shásra aistrithe a bheadh i gceist leis an bhforáil sin, ba cheart na nósanna imeachta céanna, na ceanglais trédhearcachta céanna agus na deiseanna céanna i dtaobh scrúdú poiblí a bheith ag gabháil léi.

56. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún san alt céanna cur le cumas CEIS i dtaobh rioscaí a iompar. Níl sé soiléir conas a bhainfí amach é sin.

Tabhairt anonn, maoluithe i leith bliantúlachta agus sonraíocht

57. Is í an riaiil ghinearálta atá ann faoi láthair go gcuirfear ar ceal na leithreasáid nach n-úsáidtear faoi dheireadh na bliana airgeadais. Tá roinnt eisceachtaí ón riaiil sin ann, áfach. Tá forálacha breise san áireamh maidir le leithreasáid neamhdhifreáilte le haghaidh tionscadal tógála agus leithreasáid faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh oibleagáidí atá ann cheana féin nó leithreasáid faoi chomhair oibleagáidí arna dtabhairt anonn, nuair nach gclúdaíonn na línte ábhartha sa bhuiséad don bhliain dar gcionn na riachtanais.

⁽¹⁾ Cuireann “an chosaint solúbthachta” ar a chumas don Choimisiún a thabhairt ar aghaidh chuig an mblain dar gcionn suas le 10 % de na leithreasáid bliantúla de chuid trí ionstraim bhuiséadacha (An Ionstraim um Chúnaimh Réamhaontachais (ICR II), An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (IEC) agus an ionstraim maoinithe maidir le comhar um fhorbairt don tréimhse 2014-2020 (ICF)), ionas go bhféadfaí iad a úsáid chun freagairt do chásanna gan choinne.

⁽²⁾ Soláthraíonn “an cúlchiste diúltach” bealach chun leithreasáid lena n-íoc a aistriú chuig líne buiséid sula mbeidh leithreasáid barrachais ó líne eile aitheanta.

⁽³⁾ Sonraítear in Airteagal 125 “Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme [...], más féidir sin ar mhaithe leis an mBallstát lena mbaineann”.

58. Baintear in RAB as Airteagal 12(3) an rial lena gceanglaítear leithreasáí íocaíochta na bliana reatha a úsáid roimh na cinn arna dtabhairt anonn. Fágann sé sin gur faoin oifigeach údarúchain a bheadh sé a chinneadh cé na leithreasáí íocaíochtaí a úsáid ar dtús. Ar bhonn na faisnéise a fuarthas ón gCoimisiún, dá mbeadh an fhoráil sin curtha i bhfeidhm do 2014 agus 2015 is méideanna neamhshuntasacha a bheadh i gceist agus ní fheicimid go bhfuil aon ghá leis an athrú atá beartaithe.

59. Baineann an príomhathrú is intuigthe in Airteagal 12(2) le leithreasáí neamhdhifreáilte, a bhíonn le haghaidh caiteachas riaracháin den chuid is mó. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais reatha (RAR) ní fhéadfar ach leithreasáí neamhdhifreáilte le haghaidh tionscadail tógála a thabhairt anonn le cinneadh na hinstiúide, i gcúinsí áirithe. Tá an togra chun a chur ar chumas instiúidí aon leithreasáí neamhdhifreáilte a thabhairt anonn le cinneadh ar bith. Dá gcuirfí i bhfeidhm go forleathan í, bhainfeadh an fhoráil nua sin an bonn go mór de bhliantúlacht an chaiteachais riaracháin. Ní léir ón togra cén tairbhí sonracha a thiocfadh as an athrú sin agus cé mhéad caiteachas is dócha a rachfaí i bhfeidhm air. Ina theannta sin, trí phlé le leithreasáí difreáilte agus leithreasáí neamhdhifreáilte, agus le cás sonracha na bhfoirgneamh, san airteagal céanna, fágтар an téacs níos casta.

60. Cruthaíonn na rialacha maidir le tabhairt anonn in Airteagal 12 nós imeachta casta, fada a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le moilleanna sa nós imeachta buiséadach. Breithnímid gur cheart simpliú a bheith déanta in RAB ar an nós imeachta sin trí anailís a dhéanamh, mar shampla, ar cé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí ceart ginearálta (ach ceart neamhcharnach) chun leithreasáí a thabhairt anonn a thabhairt isteach i gcás línte buiséid nach mbaineann le pearsanra (mar shampla, suas le 5 % den líne buiséid atá i gceist a thabhairt anonn). D'fhéadfadh sé sin a bheith nasctha le laghdú ar bhuiséid riaracháin, chun an tsolúbthacht bhreise arna deonú a chur san áireamh.

Aistrithe buiséadacha

61. Leis an athrú atá beartaithe in Airteagal 27, bheadh cumhachtaí cinnteoireachta buiséadaí na n-institiúidí eile ar aon dul le cumhachtaí an Choimisiúin i ndáil le haistrithe idir teidil nó caibidlí buiséid. Leis an leasú ar Airteagal 28, chuirfí ar a chumas don Choimisiún cistí a bhogadh idir línte buiséid gan iarraidh chuig an údarás buiséid, i gcás ina mbaineann na línte leis an gclár céanna nó an scéim chéanna agus ina bhfuil siad clúdaithe faoin mbunghníomh céanna (i.e. sa chás ina bhfuil breis is Ard-Stiúrthóireacht amháin i mbun fheidhmiú na scéime). Breithnímid gur réasúnta iad na hathruithe atá beartaithe.

Conclúid

62. Ní dhéanann an Coimisiún cainníochtú i dtaobh impleachtaí buiséadacha an togra uaidh. Ina theannta sin, cé gurb aidhm dó feabhas a chur ar an tsolúbthacht, tugann sé rioscaí isteach freisin i ndáil le bliantúlacht, sonraíocht agus trédhearcacht bhuiséad AE. Ní théitear i ngleic go leordhóthanach leis na rioscaí sin sa togra. Sa tuairiscíú reatha ar bhainistíocht bhuiséadach, ní dhéantar cur síos leordhóthanach ar na stoic agus sreafaí i ndáil le cúlchistí, tabhairt anonn ná ioncam sannta, agus níor mhór é a fheabhsú dá bhrí sin.

63. Molaimid:

- diúltú don athrú atá beartaithe maidir le “cosaint solúbthachta”, “cúlchiste diúltach” agus tabhairt anonn toisc go dtugtar isteach tuilleadh castachta dá bharr. Measaimid nár cheart solúbthacht bhuiséadach a bhaint amach trína thuilleadh cistí a choinneáil sa cúlchiste agus go mbeadh cur chuige nua i dtaobh an nós imeachta um thabhairt anonn níos simplí, níos solúbtha agus go gcuirfí an éifeachtacht chun cinn leis;
- diúltú do na hathruithe a bhfuil cur síos orthu i mír 54 go mír 56 thuas;
- glacadh leis an togra ón gCoimisiún maidir le haistrithe buiséadacha.

Cistí iontaobhais

An togra ón gCoimisiún

64. Faoin togra, d'fhéadfadh cistí iontaobhais feidhmiú laistigh de AE agus iad á gcistiú trí bhíthin ionstraimí beartais inmheánacha. Bhainfí amach an leathnú sin i dtaobh úsáid cistí iontaobhais tríd an airteagal ina dtagraítear do chistí iontaobhais (Airteagal 227) a aistriú ón teideal a bhaineann go heisiach le gníomhaíochtaí seachtracha go dtí Teideal XII “Ionstraimí cur chun feidhme buiséid eile” a bhfuil feidhm ghinearálta aige.

Ár n-anailís

65. I dTuairim Uimh. 6/2010 uainn ardaíodh saincheisteanna riaracháin, costais, iniúchóireachta agus cuntasachta i ndáil le cistí iontaobhais a chruthú le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha. Tá na saincheisteanna sin bailí fós. Níl ann ach trí chiste iontaobhais faoi láthair agus níl siadsan á bhfeidhmiú ach le hachar teoranta ama. Dá bhrí sin, dar linn, tá sé róluath a mheas gur éirigh leo.

66. Tá cúram cuí de dhíth lena áirithiú go ndéanfar soláthar leordhóthanach le haghaidh tuairiscíú poiblí, maoirseacht agus iniúchadh ar a ngníomhaíochtaí agus ar a bhfeidhmíocht, toisc go bhfeidhmíonn siad lasmuigh den bhuiséad. Cuirimid fáilte roimh na ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 244 agus roimh an gceanglas nua faoi Airteagal 39(6) maidir le faisnéis faoi ghníomhaíochtaí agus feidhmíocht cistí iontaobhais a sholáthar sa nós imeachta i ndáil le glacadh buiséid. Bhainfeadh úsáid fhorleathan cistí iontaobhais an bonn de choincheap aontacht bhuiséad AE, áfach.

67. Sonraítear in Airteagal 227 freisin go bhféadfar cistí iontaobhais a chruthú chomh maith le haghaidh gníomhaíochtaí téamacha. Níl sé soiléir cad is brí le gníomhaíochtaí téamacha i gcomhthéacs beartais inmheánacha.

Conclúid

68. Ní thacaímid leis an togra leathnú a dhéanamh ar úsáid cistí iontaobhais.

Ioncam sannta

An togra ón gCoimisiún

69. I gcomhréir le prionsabal na huilíochta, ní fhéadfar ioncam buiséid a shannadh d'ítimí sonracha caiteachais, agus ní fhéadfar ioncam agus caiteachas a fhritháireamh i gcoinne a chéile. Mar thoradh air sin, úsáidtear an t-ioncam gan idirdhealú chun an caiteachas go léir a mhaoiniú.

70. Mar eisceacht, ceadaítear faoi RAR cineálacha áirithe ioncaim a shannadh. Eascraíonn leithreasáí nua faoi chomhair íocaíochtaí sa líne buiséid céanna astu sin ⁽¹⁾ agus, go ginearálta, ní fhéadfar iad a thabhairt ar aghaidh ach ar feadh bliain amháin ⁽²⁾. Déantar idirdhealú in RAR idir “ioncam sannta seachtrach” (ó Bhallstáit, ó thríú tíortha, etc.) agus “ioncam sannta inmheánach” ag éirí as, mar shampla, fáltais ó dhíol feithiclí, trealamh, eisíocaíochtaí árachais, aisíocaíochtaí ar ionstraimí airgeadais.

71. In RAB féachann an Coimisiún le cur leis an úsáid a bhaintear as athshreafaí den sórt sin agus a cheadú go n-úsáidfead iad chun leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí a chruthú i línte buiséid éagsúla (Airteagal 30).

72. Tá fáltais ó dhíol foirgneamh san áireamh freisin faoi ioncam sannta inmheánach (Airteagal 20) agus tá an t-ioncam sin le tabhairt anonn go huathoibríoch go dtí go mbeidh sé ar fad úsáidte (Airteagal 12(3)).

73. Tá ioncam agus aisíocaíochtaí ag éirí as oibríochtaí airgeadais san áireamh freisin faoi ioncam sannta inmheánach agus tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go n-úsáidfead an t-ioncam sin le haghaidh na hionstraimí airgeadais céanna nó na ráthaíochta buiséadaí céanna le linn tréimhse iomlán a fheidhmithe, agus ag deireadh na tréimhse sin go dtabharfar aon mhéid gan íoc a tháinig as buiséad AE ar ais don bhuiséad (Airteagal 202).

Ár n-anailís

74. Tá ioncam sannta ina eisceacht ó phrionsabal na huilíochta. Mar a chinneamar in 2010 ⁽³⁾, tá ról úsáideach ag ioncam sannta seachtrach, ach ní gá catagóir a choinneáil ar bun i dtaobh ioncam sannta inmheánach. D'fhéadfaí déileáil le fáltais a ghintear go himmheánach tríd an ngnáthphróiseas buiséadach. Foráiltear leis an togra reatha le haghaidh eisceachtaí i bhfad níos leithne ón uilíocht, trí cheadú go n-úsáidfí ioncam sannta inmheánach chun críocha eile seachas iad siúd arna sannadh ar dtús.

75. Bheadh sé ina shimplíú suntasach dá gcuirfí deireadh le hioncam sannta inmheánach agus dá bhrí sin go gcaithfí le gach athshreabhadh den sórt sin mar ioncam ginearálta. Chinnfeadh an t-údarás buiséadach úsáid acmhainní dá leithéid ansin i gcomhréir leis na tosaíochtaí reatha.

Conclúid

76. Molaimid nár cheart leathnú ar bith a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ioncam sannta inmheánach agus gur mar ioncam ginearálta a choinneofaí cuntas ar an ioncam go léir a ghintear go himmheánach.

⁽¹⁾ Ní fhéadfar iad a aistriú chuig líne buiséad dhifriúil ach amháin má úsáidtear iad chun na críche dár sannadh iad.

⁽²⁾ Cé is moite den ioncam ó lígean ar cíós, a dhéanfar a thabhairt anonn go huathoibríoch.

⁽³⁾ Tuairim Uimh 6/2010 — mír 7 agus mír 8.

Íocaíocht ar bhonn coinníollacha comhlíonta nó torthaí bainte amach

An togra ón gCoimisiún

77. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún in Airteagal 121(1)(e) foirm nua maoinithe a thabhairt isteach ar bhonn coinníollacha comhlíonta nó torthaí bainte amach gan a cheangal go soláthrófar ráitis chostais, i gcás cláir faoi chur chun feidhme díreach, indíreach agus comhroinnte chomh maith le haisíoc costas agus na roghanna costais simplithe atá ar fáil cheana féin.

78. Is é baint amach na n-aschur nithiúil a bheidh ina choinníoll réamhshocraithe a chuirfidh faoi deara go n-íofar na foirmeacha simplithe deontas arna ndeonú faoi chur chun feidhme díreach (Airteagal 175(4)(f)) agus indíreach (Airteagal 150(3)), ach amháin i ndáil le cásanna nach n-oireann do chur chuige den sórt sin, a mbeidh réasúnú ag teastáil ina leith. Ní mór rialuithe agus seiceálacha ar thairbhíthe a bhaineann le foirmeacha simplithe deontais a bheith dírithe ar aschur (Airteagal 177) agus ní fhéadfaidh na seiceálacha *ex-post* cur i gcoinne na híocaíochta a thuilleadh sa chás ina ndearna an t-oifigeach údarúcháin measúnú *ex-ante* ar chomhlíonadh agus ar cheadaigh sé nó sí dul i muinín na ngnáthchleachtas cuntasáíochta costála sa chinneadh uaidh nó uaithe (Airteagal 179).

79. Déanann an Coimisiún cur síos in Airteagal 176 ar aon chnapshuim amháin mar rogha nua chun maoiniú a dhéanamh ar fhoirmeacha simplithe deontas faoi chur chun feidhme díreach agus indíreach bunaithe ar bhuiséad measta lena gclúdaítear na costais incháilithe go léir arna measúnú *ex-ante* i ndáil le comhlíonadh phrionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta.

80. Faoi Airteagal 219(1)(e) nua atá á tabhairt isteach, clúdaítear ranníocaíochtaí do pháirtithe polaitiúla Eorpacha i dtaobh na féidearthachta úsáid a bhaint as cineálacha maoinithe nach bhfuil ceangailte le costais na n-oibríochtaí ábhartha ar bhonn comhlíonadh coinníollacha áirithe *ex ante* nó baint amach torthaí.

Ár n-anailís

81. Léiríodh i dtorthaí iniúchta uainn ⁽¹⁾ go dtéann leibhéal i bhfad níos airde botún i bhfeidhm ar chaiteachas ar aisíocaíochtaí, i gcás ina n-aisíocann AE costais incháilithe i leith gníomhaíochtaí incháilithe, ná mar atá amhlaidh i gcás caitheamh ar bhonn teidlíochta, ina ndéantar íocaíocht ar bhonn coinníollacha áirithe a chomhlíonadh.

82. Dá bhrí sin, is dearfach an rud é an rogha réamhshocraithe i ndáil le tionscadail a mhaoiniú trí dheontais arna soláthar ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad coinníollacha nó go mbainfidh siad amach torthaí arna leagan síos roimh ré, trína mbristear an ceangal leis na costais arna dtabhú ag na tairbhíthe.

83. Tugaimid tacaíocht don chur chuige sin i gcomhréir le mír 78 thuas agus measaimid gur cheart Airteagal 121 a leasú chun léiriú a dhéanamh ar an tosaíocht a thugtar do ranníocaíochtaí ar bhonn torthaí.

Conclúid

84. Ag cur san áireamh ár gcuid barúlacha thuas, molaimid go mbeidh íocaíochtaí ar bhonn coinníollacha comhlíonta nó torthaí bainte amach ina rogha tosaíochta ar fud bhuiséad AE.

Creat feidhmíochta

An togra ón gCoimisiún

85. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún i measc nithe eile na hathruithe seo a leanas a dhéanamh ar na hairteagail maidir le bainistíocht fhóna airgeadais:

- coincheap na feidhmíochta a thabhairt isteach (Airteagal 31);
- a shonrú go ndíreofar leithreasáí ar fheidhmíocht agus dá bhrí sin gur cheart cuspóirí a leagan síos *ex-ante*, gur cheart monatóireacht le táscairí feidhmíochta a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí a bhaint amach, agus gur cheart tuairiscíú a dhéanamh ar an méid a bhaintear amach trí na ráitis chláir agus an Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta lena n-áirítear meastóireacht ar chúrsaí airgeadais an Aontais ar bhonn na dtorthaí arna mbaint amach, mar a dtagraítear dó faoi Airteagal 318 CFAE (Airteagal 31(2));
- a fhoráil go mbeidh cláir agus gníomhaíochtaí a mbíonn caiteachas suntasach i gceist leo faoi réir meastóireachta (Airteagal 32(1));
- roinnt critéar a shainiú ar gá a chlúdach le meastóireachtaí *ex-ante* (Airteagal 32(2)).

⁽¹⁾ Mír 1.61 agus fíor 1.6 de thuarascáil bhliantúil 2014 agus mír 1.47, fíor 1.5 agus fíor 1.6 de thuarascáil bhliantúil 2015.

Ár n-anailís

86. Tugtar isteach leis an togra coincheap na feidhmíochta ach ní dhéantar sainiú air agus fágtar go bhfuil débhríocht i gceist i ndáil le cibé ar cheart nó nár cheart a mheas gurb ionann é agus bainistíocht fhóna airgeadais.

87. Níl an téarmaíocht a úsáidtear i ndáil le meastóireacht ailínithe go hiomlán le Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht níos Fearr ná leis na Treoirlínte um Rialáil Níos Fearr.

88. Tugtar isteach in Airteagal 32 tuilleadh solúbthachta maidir le meastóireachtaí a dhéanamh, rud a thugann an deis don Choimisiún roghanna níos fearr a dhéanamh maidir le raon feidhme agus amchlár na meastóireachtaí. Ar bhealaí áirithe, áfach, ní chuidíonn sé sin leis an sprioc a fógraíodh i ndáil le buiséad a bhaint amach atá dírithe ar thorthaí:

- (a) Tugtar tuilleadh solúbthachta in Airteagal 32(1) maidir lena chinneadh cén uair le meastóireachtaí a dhéanamh i ndáil le “caiteachas suntasach”, ach déantar foráil shonrach in Airteagal 18 de na rialacha reatha maidir le cur chun feidhme ⁽¹⁾ i dtaobh meastóireacht *ex-ante* ar “gach togra i ndáil le cláir agus gníomhaíochtaí a bhfuil caiteachas buiséid i gceist leo” agus meastóireacht eatramhach agus/nó *ex-post* ar “gach clár agus gníomhaíocht [...] i gcás gur mó na hacmhainní arna n-úsáid ná EUR 5 000 000”;
- (b) laghdaíonn sé go mór na critéir atá le cumhdach ag meastóireachtaí *ex-ante* i gcomparáid le hAirteagal 18(1) atá sna rialacha maidir le cur chun feidhme faoi láthair — ní gá a thuilleadh roghanna beartais agus rioscaí, iarmhairtí a bhfuiltear ag súil leo, comhleánúnachas le hionstraimí eile, acmhainní, cost-éifeachtúlacht, ná ceachtanna a foghlaímíodh a chur san áireamh;
- (c) ní cheanglaítear ann go gclúdófaí barainneacht sna meastóireachtaí siarghabhálacha.

Conclúid

89. Molaimid:

- sainmhíniú soiléir a thabhairt ar fheidhmíocht i ndáil le bainistíocht fhóna airgeadais;
- an téarmaíocht ar mheastóireacht a ailíniú leis an téarmaíocht a úsáidtear sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus leis na Treoirlínte um Rialáil Níos Fearr;
- a shainiú ar shlí chainníochtaithe cén uair is gá meastóireachtaí a dhéanamh;
- gan laghdú a dhéanamh ar líon na gcritéir is gá a chlúdach le meastóireachtaí *ex-ante*;
- a cheangal go gclúdófaí barainneacht i meastóireachtaí siarghabhálacha freisin.

Cuíchóiriú an tuairiscitheAn togra ón gCoimisiún

90. Bíonn ráitis chláir ag gabháil leis an dréachtbhuiséad agus bíonn faisnéis feidhmíochta iontu chun bonn údair a thabhairt leis an gcaiteachas oibríochtúil. In Airteagal 39(3)(h), cuirtear i láthair nuashonruithe foirmiúla (ina gcuirtear ráitis “chláir” in ionad ráitis “ghníomhaíochta”) mar aon le hathruithe ar ábhar na ráiteas cláir: ba cheart faisnéis a sholáthar iontu maidir leis an gcion a dhéanann cláir ar mhaith le beartais agus cuspóirí an Aontais chomh maith le tuairisc ar chomhlíonadh chuspóirí an chláir. Scriostar an ceanglas i dtaobh achoimre ar thorthaí meastóireachta a chur san áireamh.

91. Sa togra ón gCoimisiún i dtaobh Airteagal 73(9) a mhodhnú, cloítear leis an gcur chuige atá tosaithe aige cheana féin trí phleananna straitéiseacha a thabhairt isteach i gcomhair gach Ard-Stiúrthóireachta agus nuashonrú a dhéanamh ar ról na tuarascála bliantúla ar ghníomhaíochtaí ⁽²⁾ ionas go n-áireofaí inti faisnéis ar na hoibríochtaí arna gcur i gcrích.

⁽¹⁾ Rialachán Tarmilgthe (AE) Uimh 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

⁽²⁾ Déantar cur síos sna Pleananna Straitéiseacha ar spriocanna cúig bliana an Choimisiúin agus na nArd-Stiúrthóireachtaí, ar minic iad a bheith faoi thionchar tosa seachtracha, agus tá na pleananna bainistíochta agus na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ceaptha chun sainiú agus tuairisciú a dhéanamh ar ionchuir, príomhghníomhaíochtaí agus a n-aschuir atá faoi rialú an Choimisiúin.

92. In Airteagal 239(1)(b) tugtar isteach an Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta in RAB mar chuid den “Tuairisciú airgeadais agus cuntasachta comhtháite” chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Is éard a bheidh sa Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta:

- achoimre ar na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí don bhliain roimhe sin,
- tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí gach oifigigh údarúcháin trí tharmhligéan, agus
- meastóireacht ar riocht airgeadais an Aontais ar bhonn na dtorthaí atá bainte amach mar a cheanglaítear le hAirteagal 318 CFAE.

Ár n-anailís

93. I bprionsabal ní gá an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a chumhdach in RA. Is doiciméad inmheánach atá i gceist leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí go bunúsach, agus dá réir sin is féidir í a tháirgeadh agus a leasú mar is mian leis an gCoimisiún, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais riaracháin. Níl sé inmhianaithe go gcuirfeadh táirgeadh an doiciméid sin moill ar tháirgeadh tuairiscí ar fud an Choimisiúin.

94. In RAB, baintear as Airteagal 73 (9) an oibleagáid tuairiscí a dhéanamh i dtaobh “torthaí na n-oibriúcháin faoi threoir na gcuspóirí a leagadh amach” agus “faisnéis maidir le feidhmíocht fhoriomlán na n-oibriúcháin sin” sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 66(9) de RAR. Ina ionad sin, déantar tagairt ann do “faisnéis ar na hoibriúcháin a rinneadh”, nach bhfuil chomh sonrach céanna agus ar féidir a thuiscint uaidh go gceadaítear tuairiscí níos teoranta ar fheidhmíocht i dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí.

95. In ainneoin go ndéantar athbhreithniú ann ar ról na tuarascála bliantúla ar ghníomhaíochtaí agus go ndearbhaítear ann “go ndéantar an mhaoirseacht (ar obair a chuid seirbhísí) [...] trí thuairisciú soiléir ó na hoifigigh údarúcháin chuig an gCoimisiún trí na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí agus tríd an dearbhú ráthaíochta ó na hoifigigh údarúcháin”⁽¹⁾, ní dhéantar leathnú faoi Airteagal 73(1) den Rialachán Airgeadais athbhreithnithe ar an bhfreagracht atá ar na hoifigigh údarúcháin iontaofacht, iomláine agus cruinneas na faisnéise a thuairiscítear ar fheidhmíocht a chlúdach.

96. San fhoirm atá beartaithe, níl na ceanglais i dtaobh faisnéis feidhmíochta a chur san áireamh sna ráitis chláir sách sonracha, ar na cúiseanna seo a leanas:

- níor cheart a bheith iontu ach léiriú ar bheartais agus cuspóirí an Aontais a dtacaítear leo sa chlár;
- ní shonraítear cáilíocht, clúdach agus minicíocht na faisnéise ar bhaint amach chuspóirí an chláir;
- tá tuairisciú ar fheidhmíocht neamhiomlán gan torthaí meastóireachta.

97. Ach an “Pacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite” a fhoilsiú faoin 31 Iúil an bhliain dar gcionn (Airteagal 239), cuirfidh an Coimisiún moill ar fhoilsiú na ndoiciméad seo a leanas:

- tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ón 1 Iúil go dtí an 31 Iúil,
- an Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta ón 15 Meitheamh go dtí an 31 Iúil.

Measann an Chúirt nach iomchuí iad na tograí maidir le tuairiscí. Bheadh na mílte leathanach i gceist le “Pacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite”, agus bheadh dúbailt nach beag i gceist ann.

Conclúid

98. Molaimid go gceanglófaí in RA:

- go mbeadh ag gabháil leis na cuntais bhliantúla shealadacha arna dtíolacadh lena n-íniúchadh ar an 31 Márta an fhaisnéis atá leagtha amach i mír 8 go mír 12 (thuas), ionas go soláthrófar faisnéis chuntasaíochta, faisnéis faoi na príomhchórais rialachais, forbhreathnú leathan ar chaiteachas agus gníomhaíochtaí AE, agus measúnú ar a mhéid a théann mírialtachtaí i bhfeidhm ar an gcaiteachas, mar aon leis an tuarascáil a cheanglaítear faoi Airteagal 243 de RAB;
- a mhéid go gceanglaítear tuarascálacha ar leithligh a ullmhú go fóill, iad sin atá leagtha amach in RAB in Airteagal 239(1)(c)(d) agus (e), ba cheart na tuarascálacha “ar na gníomhaíochtaí coisctheacha agus ceartaitheacha a chumhdaíonn buiséad an Aontais Eorpaigh”, an tuarascáil ar “an gcomhrac i gcoinne na calaoise” agus an tuarascáil ar iniúchtaí inmheánacha a chur i láthair ag an am céanna (ionas gur féidir seiceálacha a dhéanamh ar chomhsheasmhacht leis na cuntais bhliantúla chomhdhlúite);
- ba cheart go n-áireofaí sna cuntais chomhdhlúite réamhaisnéis um shreabhadh airgid fadtéarmach (de réir an chleachtais mholta idirnáisiúnta), agus ráitis chomhdhlúite ar ioncam agus caiteachas na ngníomhaireachtaí, na gcomhghnóthas agus na gcisté iontaobhais (in ionad na dtuarascálacha ar leithligh atá beartaithe in Airteagal 244);

⁽¹⁾ Tuarascáil Speisialta Uimh 27/2016, freagra an Choimisiúin ar mhír 21.

- ba cheart don Choimisiún a thíolacadh ar leithligh, faoin 1 Bealtaine, tuarascáil faoi Airteagal 318 CFAE ina mbeidh míniú ar mhéid agus torthaí na meastóireachtaí ar fud chaiteachas agus beartais AE eile, léargas ar bhearta tábhachtacha feidhmíochta do gach réimse caiteachais shuntasaigh agus gach Ard-Stiúrtóireachta, agus cur i láthair cothrom i ndáil le cláir a mheastar atá ag feidhmiú go maith, nó a mheastar a bhfuil gá le coigeartú nó gníomh ceartaitheach eile ina dtaobh;
- i Meán Fómhair gach bliain ba cheart don Choimisiún comhthuarascáil a chur i láthair lena gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 242 agus Airteagal 243 de RAB.

99. Dá ndéanfaí na hathruithe sin, pacáiste tuairiscithe iomlán a bheadh iontu, agus d'áireofaí leo an fhaisnéis ó na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a mbaineann tábhacht léi do pháirtithe leasmhara seachtracha. Ar an gcaoi sin, dhéanfaí simpliú nach beag ar an tuairisciú.

Socruithe iniúchóireachta

Brath ar fhoinsí eile le haghaidh iniúchadh

An togra ón gCoimisiún

100. Tá sé beartaithe in Airteagal 123 go mbraithfeadh an Coimisiún ar iniúchtaí roimhe sin sa chásanna seo a leanas:

- ina raibh siad déanta ag iniúchóirí seachtracha;
- ina raibh siad bunaithe ar chaighdeán atá inghlactha go hidirnáisiúnta;
- ina dtugtar dearbhú réasúnta; agus
- ina ndearnadh iad ar na ráitis airgeadais agus na tuarascálacha ina leagtar amach an úsáid a baineadh as an ranníocaíocht AE.

Ár n-anailís

101. Is é príomhargóint an Choimisiúin i ndail leis an athrú sin a thabhairt isteach ná a sheachaint go ndéanfaí breis is iniúchadh amháin ar na heintitis a fhaigheann ranníocaíochtaí AE, go háirithe eagraíochtaí idirnáisiúnta a ndéanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha iniúchóireacht orthu. Aontaímid gur cheart don Choimisiún simpliú a dhéanamh ar a chaidreamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta trí bhrath ar na socruithe iniúchóireachta atá acu cheana nuair is féidir. Sheachnófaí ar an gcaoi sin go ndéanfaí breis is iniúchadh amháin ar na tionscadail chéanna agus d'fhágfadh sé go bhféadfaí úsáid ní ba leordhóthanaí a bhaint as acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna.

102. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do chaidreamh ar bhonn feidhmíochta a chothú leis na heagraíochtaí agus na comhaontuithe idirnáisiúnta lena gceanglaítear ranníocaíocht airgeadais an Choimisiúin le comhlíonadh gníomhaíochta críochnaithe. Tacaímid leis an gcuspóir i dtaobh na fíoruithe a shimpliú a mhéid is féidir agus an Coimisiún a bheith ag baint úsáid as sásraí rialaithe inmheánaigh an chomhlachta eile. Chuige sin, d'fhéadfadh sé gur ghá coinníollacha incháilitheachta an Choimisiúin a ailíniú le coinníollacha ginearálta na heagraíochta idirnáisiúnta a bheadh i gceist.

103. Breithnímid nach bhfuil forálacha Airteagal 123 soiléir go leor. D'fhéadfaí an tuiscint a bhaint as gurb amhlaidh, sa chás ina gcomhlíonfaí na ceithre cheanglas, go mbeadh sé éigeantach brath ar fhoinsí eile le haghaidh iniúchadh (“is ar an iniúchadh sin a bheidh an chinnteacht fhoriomlán bunaithe”) agus nach ann don fhéidearthacht iniúchadh breise a dhéanamh ar an tionscadal, neamhspleách ar thoradh an chéad iniúchta.

104. Tugaimid chun suntais, áfach, nach n-áirithítear san airteagal go mbeidh rochtain ar pháipéir oibre na n-iniúchóirí ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar a mhéid ar comhlíonadh na ceanglais, agus ar cibé ar leor nó nár leor an obair iniúchóireachta chun na gnéithe uile a chumhdaítear de ghnáth a chumhdach.

Conclúid

105. Molaimid:

- iarraidh ar an gCoimisiún a shoiléiriú go mbeidh feidhm ag íocaíochtaí ar bhonn torthaí maidir le gach eagraíocht a chuireann chun feidhme cistí de chuid an Aontais ag teacht le leathanach 12 den mheabhrán míniúcháin;
- an téacs a athrú mar atá beartaithe in Iarscríbhinn I, d'fhonn a shoiléiriú gur féidearthacht atá i gceist i dtaobh brath ar fhoinsí eile agus nach réiteach éigeantach é; agus a áirithiú go mbeidh iniúchóirí in ann athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid iniúchóireachta ar a mbeidh siad ag brath.

Rialacha agus nósanna imeachta maidir le hiniúchóireacht

An togra ón gCoimisiún

106. In abairt nua atá tugtha isteach ag deireadh Airteagal 247(1) sonraítear go gcuirfear “san áireamh gur ar bhonn ilbhliantúil a dhéanfar na cláir, chomh maith leis na córais mhaoirseachta agus rialaithe lena mbaineann” sa scrúdú a dhéanfaidh an Chúirt Iniúchóirí féachaint an bhfuarthas an t-ioncam uile agus ar tabhaíodh an caiteachas uile ar mhodh dleathach rialta.

Ár n-anailís

107. Gnéithe is ea an cur chuige iniúchóireachta agus an fhianaise iniúchóireachta a úsáidtear chun leibhéal réasúnta dearbhaithe a bhaint amach a chinnfidh an t-iniúchóir neamhspleách. Pléann an moladh a rinne an Coimisiún leis an modheolaíocht iniúchóireachta atá againn, arb í freagracht na Cúirte amháin í, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta i dtaobh na hiniúchóireachta. Faoi láthair tá an Coimisiún ag tuairisciú faisnéis maidir le ceartuithe agus gnóthuithe airgeadais i gcúig thuarascál éagsúla: an tuarascáil ar na gníomhaíochtaí coisctheacha agus ceartaitheacha a chlúdaíonn buiséad AE, an Plé agus Anailís ar na Ráitis Airgeadais, na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí, na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus an Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta, a chuirtear ar fáil ar dhátaí éagsúla ⁽¹⁾.

Conclúid

108. Ní mór dúinne, sa ról atá againn mar iniúchóir seachtrach neamhspleách, measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cineál ilbhliantúil na gclár agus na gcóras faireacháin agus rialaithe a bhaineann leo ar ár n-iniúchadh, agus níor cheart iad a áireamh sa Rialachán Airgeadais. Molaimid a cheangal ar an gCoimisiún gach faisnéis a bhaineann le gnóthuithe agus ceartúcháin a chomhdhlúthú in aon doiciméad amháin a chuirfear faoinár mbráid in éineacht leis na cuntais shealadacha (Airteagal 237).

POINTÍ EILE A BREITHNÍODH**Cuntais bhliantúla**An togra ón gCoimisiún

109. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athrú a dhéanamh ar Airteagal 234, ina saineofaí feasta na cuntais bhliantúla amhail a bheith comhdhéanta de na ráitis airgeadais, na cuntais bhuiséid agus na cuntais bhliantúla chomhdhlúite. Tugann sé isteach freisin tagairt do phrionsabal na hábharthachta i ndáil leis an bpróiseas comhdhlúite.

Ár n-anailís

110. Measaimid nach bhfuil an struchtúr nua soiléir.

111. Mar a luadh cheana sna tuarascálacha bliantúla uainn ⁽²⁾, chuideodh réamhaisnéis um shreabhadh airgid fadtéarmach le páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar riachtanais íocaíochta agus tosaíochtaí buiséadacha amach anseo. Ina theannta sin, chabhródh sé leis an gCoimisiún na cinntí is gá a ghlacadh chun a áirithiú gur féidir íocaíochtaí riachtanacha a dhéanamh as buiséid bhliantúla cheadaithe. Thairis sin, d'fhéadfaí ráiteas comhdhlúite sonrach do ghníomhaireachtaí a thabhairt isteach, ar mhaithe leis an trédhearcacht a fheabhsú agus iarracht na hiniúchóireachta a chuíchóiriú. Lena chois sin, d'fhéadfaí comhghnóthais agus cistí iontaobhais a chlúdach i ráitis shonracha dá samhail.

Conclúid

112. Molaimid:

- an sainmhíniú atá ann cheana ar na cuntais bhliantúla a choimeád (Airteagal 141 RAR);
- a thabhairt isteach in RAB an ceanglas gur cheart don Choimisiún a ullmhú agus a fhoilsiú go bliantúil laistigh den Phlé agus Anailís ar na Ráitis Airgeadais réamhaisnéis um shreabhadh airgid fadtéarmach ⁽³⁾ ina gcuimseofaí tréimhse ama seacht go deich mbliana agus ina gclúdófaí uasteorainneacha buiséadacha, riachtanais íocaíochta, srianta ar acmhainneacht agus saoradh féideartha.

Urraíocht chorparáideachAn togra ón gCoimisiún

113. Tá tugtha isteach ag an gCoimisiún faoin gcaibidil ar phrionsabal buiséadach na huilíochta Airteagal 24 nua ina ndéantar foráil maidir le cineál nua comhaontaithe is féidir a dhéanamh idir eintiteas dleathach agus na hinstiúidí, a bheadh ina chomhaontú faoina dtabharfadh duine dleathach tacaíocht chomhchineáil d'imeacht nó gníomhaíocht ar mhaithe le cuspóirí cur chun cinn nó cuspóirí freagrachta sóisialta corparáidí.

⁽¹⁾ Ba ann dóibh siúd go léir fós faoi chuimsiú "Pacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite".

⁽²⁾ Tuarascáil bhliantúil 2015, mír 2.10, tuarascáil bhliantúil 2014, mír 2.22, tuarascáil bhliantúil 2013, mír 1.50, agus tuarascáil bhliantúil 2012, mír 1.59.

⁽³⁾ Féach freisin Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí, Treoirlíne 1 um Chleachtas Molta, Tuairisciú ar Inbhuanaitheacht Fadtéarmach Cúrsaí Airgeadais Eintitis.

Ár n-anailís

114. Breithnímid gur cheart an creat dlíthiúil lena rialaítear urraíocht chorparáideach a threisiú agus tuilleadh cosaintí a bheith ar fáil faoi. Ní leor treoirlínte eiticíúla i ndáil leis sin. D'fhéadfaí a áireamh le cosaintí féideartha:

- úsáid na hurraíochta corparáidí a bheith faoi réir uasteorann i dtéarmaí luach measta na tacaíochta comhchineáil chun an riosca a sheachaint go mbeadh an chuma air go rabhtas ag brath ar oibreoir geilleagrach;
- dámhachtain conarthaí urraíochta den sórt sin a bheith faoi réir glao spéise roimh ré, ach amháin in imthosca eisceachtúla agus faoi réir seiceáil roimh ré i ndáil le comhréireacht lena áirithiú nach mbeadh coinbhleacht leasa, coinbhleacht idir beartais agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ná damáiste d'iomrá an Aontais i gceist;
- na hinstiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann do thuairisciú ar a láithreáin ghréasáin liosta a n-urraitheoirí (mar aon le cuspóir na hurraíochta, an luach measta, coinníollacha sonracha an chonartha, etc.).

115. Ba chóir foráil a dhéanamh freisin nach bhféadfaidh an comhaontú urraíochta aon drochtionchar airgeadais a bheith aige, anois nó amach anseo, ar an instiúid ná na comhlachtaí a fhaigheann urraíocht. Cé nach ndéanfaí ranníocaíochtaí comhchineáil den sórt sin a mheas mar ioncam chun críocha buiséadacha, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- an cur chuige cuntasáochta i leith na gcomhaontuithe sin, agus
- forálacha faoinar féidir leis an gCúirt Iniúchóirí iad a iniúchadh.

Conclúid

116. Breithnímid nach dócha gur sásra éifeachtach ó thaobh costais í an urraíocht chorparáideach agus ní thacaímid leis an méid atá beartaithe.

Comhaontuithe seirbhíse

An togra ón gCoimisiún

117. Tugtar isteach in Airteagal 57 an bunús dlí i gcomhair comhaontuithe seirbhíse idir instiúidí nó comhlachtaí eile AE, agus sonraítear go gcumasóidh siad gnóthú costas a thabhaítear mar thoradh ar a gcur chun feidhme.

Ár n-anailís

118. Baineann comhaontuithe seirbhíse le feidhmiú inmheánach instiúidí agus comhlachtaí AE. Dá bhrí sin, táthar in amhras gur cheart iad a áireamh sa Rialachán Airgeadais. D'fhéadfaí a bheartú iad a bhreithniú ar leithligh agus treoir bhreise a sholáthar maidir le sonraí teicniúla a gcur chun feidhme. Ina theannta sin, measaimid gur cheart gurb é an príomhchuspóir ina dtaobh bainistíocht fhónta airgeadais a chur chun cinn trí bhairinneacht scála a ghiniúint, agus ní díreach trí ghnóthú costas a chumasú.

Conclúid

119. Molaimid glacadh leis an togra ón gCoimisiún, agus ár mbarúlacha thuas san áireamh.

Rialacha soláthair phoiblí

An togra ón gCoimisiún

120. Ní bhaintear amach in RAB na cuspóirí fógartha i dtaobh soiléirí agus simpliú. Níl na príomhfhórlacha comhdhlúite i dTeideal VII "Soláthar Poiblí agus Lamháiltais" ach is amhlaidh go bhfuil siad scaipte idir teidil éagsúla, laistigh de Chuid a hAon den togra agus in Iarscríbhinn I. Pléitear le hábhair áirithe in áiteanna éagsúla sa téacs gan aon chrostagairt dá chéile.

121. Fágann an deighilt idir RAB agus Iarscríbhinn I gur casta fós é cur i láthair na rialacha soláthair phoiblí.

Ár n-anailís

122. Sa Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2016 uainn thugamar ar aird go bhfágann deighilt na rialacha soláthair phoiblí idir RA agus na rialacha reatha maidir le cur chun feidhme, mar is amhlaidh faoi láthair, gur deacra fós é rialacha a thuiscint atá casta cheana féin. Mar a thugamar ar aird i dTuairim Uimh. 1/2015 ⁽¹⁾, de bhun Airteagal 290 CFAE, ní fhéadfaidh ach eilimintí neamhriachtanacha de na rialacha airgeadais a bheith ina n-ábhar do ghníomh tarmligthe. Dá bhrí sin ba cheart téarmaí agus coincheapa tábhachtacha áirithe in Iarscríbhinn I (gníomh tarmligthe) a thabhairt isteach in RA. Breithnímid freisin go bhfuil na rialacha a éiríonn as ailíniú leis na Treoracha Soláthair Phoiblí ina n-eilimintí riachtanacha de na rialacha airgeadais. ⁽²⁾

Conclúid

123. Déanaimid athdhearbhú ar na moltaí ón Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2016 uainn, go háirithe moladh 2, ina n-iarrtar:

- leabhar rialacha aonair don soláthar poiblí;
- rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus meánmhéide a spreagadh;
- rialacha a áireamh maidir le dul sa tóir ar an margadh roimh chonarthaí tógála agus ar an réim teanga le haghaidh nósanna imeachta soláthair.

Cumasc a dhéanamh idir an Painéal um “Mírialtachtaí Airgeadais” agus an Painéal um “Chóras Luathbhraite agus Luatheisiaimh”An togra ón gCoimisiún

124. Is aidhm don togra cumasc a dhéanamh idir an painéal a bhíonn ag plé leis an gcóras luathbhraite agus luatheisiaimh (Airteagal 108 RAR) agus an painéal a bhíonn ag plé le mírialtachtaí airgeadais (Airteagal 73(6) RAR), i.e. aon sárú ar fhoráil de chuid RA nó ar fhoráil a bhaineann le bainistíocht airgeadais nó seiceáil oibríochtaí de dheasca gníomh nó neamhghníomh de chuid duine den fhoireann. Mínítear sa togra go bhfuil sé sin á dhéanamh chun an éifeachtacht a fheabhsú.

Ár n-anailís

125. Cé go bhfuil údar maith ann go mbeadh cur chuige coiteann ann i measc institiúidí AE i leith an chórais fionraíochta agus toirmisc mar aon le measúnú a dhéanamh ar mhírialtachtaí airgeadais, ní fheicimid go bhfuil aon chúis ann an dá phainéal, a bhfuil cuspóirí éagsúla acu, a chumasc.

126. Molaimid painéal comhpháirteach sonrath ar leithligh a bhunú, dá bhforáiltear cheana in Airteagal 73(6) RAR. Ós rud é go bhfuil ceangal idir ábhar na mírialtachtaí airgeadais agus cumhachtaí araíonachta na hinstitiúide, agus dá bhrí sin go bhfuil ceangal dílis idir é agus neamhspleáchais riaracháin na hinstitiúide, ba cheart gné idirinstiúideach an phainéil a neartú, trína chomhdhéanamh.

127. Tugaimid ar aird gurb amhlaidh, dá mba rud é go ndéanfaí an dá phainéal a chumasc, nach mbeadh an sreabhadh oibre atá beartaithe in Airteagal 90 RAB ag cloí leis na forálacha maidir le himeachtaí araíonachta mar atá leagtha síos in Iarscríbhinn IX de na Rialacháin Foirne. Ní féidir aon imeachtaí araíonachta a thionscnamh ach amháin sa chás ina bhfuil tuarascáil OLAF dréachtaithe nó ina bhfuil fiosrúchán riaracháin curtha i gcrích. Sa sreabhadh oibre atá beartaithe, áfach, cinnífidh an institiúid cé acu imeachtaí a thionscnamh i gcomhair beart araíonachta, nó gan iad a thionscnamh, ar bhonn thuairim an phainéil. Leis an gcóras sin, rachfar i gcomhairle leis an mBord Araíonachta i ngach cás mírialtachtaí, ach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 12 d'Iarscríbhinn IX, ag brath ar chineál an smachtbhanna, féadfaidh an t-údarás ceapacháin a chinneadh cé acu an rachaidh sé i gcomhairle leis an mBord Araíonachta nó nach rachaidh.

Conclúid

128. Ní thacaímid leis an togra i ndáil leis na painéil a chumasc.

⁽¹⁾ Tuairim Uimh 1/2015 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 52, 13.2.2015, lch. 1).

⁽²⁾ Má dhéantar ábhar an tsoláthair phoiblí a dheighilt idir, ar lámh amháin, RA agus, ar an lámh eile, Iarscríbhinn I, déantar sárú ar na rialacha maidir le nósanna imeachta i leith na cinnteoireachta arna leagan amach sna Conarthaí agus arna soiléiriú i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais.

Cóir dhifreáilte a dhéanamh ar infheisteoirí

An togra ón gCoimisiún

129. In airteagal 43a nua de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 (Airteagal 265 den togra), tugtar isteach an coincheap i dtaobh cóir dhifreáilte a dhéanamh ar infheisteoirí. Faoin airteagal sin, ceadáítear, faoi choinníollacha sonracha, gur féidir le cistí CSI fo-sheasamh a ghlacadh i leith infheisteoir príobháideach agus táirgí airgeadais BEI faoin Ráthaíocht AE de chuid CEIS ⁽¹⁾.

Ár n-anailís

130. Is féidir a thuiscint as sin go soláthraítear spreagadh d'infheisteoirí príobháideacha agus BEI, trína cheadú go n-íompródh cistí SIE cailteanas ar bith sula ndéanfar difear do na hinfeisteoirí príobháideacha agus BEI.

Conclúid

131. Breithnímid gur cheart go n-áireofaí sa togra sainmhíniú soiléir ar an gcóir dhifreáilte, agus gur cheart a áirithiú ann go mbainfeadh cothromaíocht amach idir infheistíocht a spreagadh agus an baol go ndéanfaí infheisteoirí a róchúiteamh.

Athrú na tréimhse incháilitheachta i gcomhair ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte

132. In Aibreán 2015 chinn an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse incháilitheachta i leith íocaíochtaí le haghaidh ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte trí chinneadh ón gCoimisiún in ionad iarraidh ar an bParlaimint agus ar an gComhairle an rialachán ábhartha a leasú ⁽²⁾.

133. Ní thugtar aghaidh sna leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a thugtar isteach sa togra reatha ar cheist an athraithe ar an tréimhse incháilitheachta.

Rialacha maidir le gnóthú

An togra ón gCoimisiún

134. Faoi fhorálacha reatha Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, más rud é nach dtarlaíonn gnóthú íocaíochtaí neamhdhlite laistigh de spriocdhátaí sonracha, dhéanfaí na suimeanna sin a roinnt go cothrom idir buiséad an Aontais agus an Ballstát lena mbaineann (“an riail 50/50” mar a thugtar uirthi). San athrú ar Airteagal 54, mír 2 (Airteagal 268 de COM(2016) 605), athdhearbhaíonn an Coimisiún an togra dá chuid ⁽³⁾ gur cheart gurb é an Ballstát lena mbaineann a d'íompródh iarmhairtí airgeadais an neamhghnóthaithe ina n-íomláine.

Ár n-anailís

135. Mar a luadh i dTuairim Uimh. 1/2012 ⁽⁴⁾ uainn, tá an baol ag gabháil leis an athrú sin go mbainisteodh na Ballstáit an próiseas tuairiscithe agus díscríofa ionas go seachnófaí muirir airgeadais ar an mbuiséad náisiúnta.

Conclúid

136. D'fhonn an t-ualach riaracháin a íoslughdú d'fhéadfadh an Coimisiún tairseach “*de minimis*” a shainiú ionas nár ghá beart leantach a dhéanamh maidir le fiacha beaga iomadúla.

Stádas “an fheirmeora ghníomhaigh”

An togra ón gCoimisiún

137. Leis na hathruithe ar Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 (Airteagal 269 de COM(2016) 605) ceadáítear do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- laghdú a dhéanamh ar na critéir atá ar fáil d'iaratasóirí i dtaobh stádas feirmeora ghníomhaigh a léiriú, nó
- stopadh ag cur i bhfeidhm na bhforálacha lena gceanglaítear ar na tairbhíthe a bheith ina “bhfeirmeoirí gníomhacha” ó 2018.

⁽¹⁾ COM(2016) 605, aithris 188.

⁽²⁾ Tuarascáil bhliantúil 2014, mír 6.52, tuarascáil bhliantúil 2015, mír 6.45.

⁽³⁾ Rinneadh togra den chineál céanna in COM(2011) 628 as ar eascair Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Níor ghlac an reachtóir leis an togra sin.

⁽⁴⁾ Tuairim Uimh 1/2012 maidir le tograí áirithe le haghaidh rialacháin a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta don tréimhse 2014-2020, mír 43 agus mír 44.

Ár n-anailís

138. I dTuairim Uimh. 1/2012 uainn, thugamar ar aird go bhfuil an baol ann leis na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún i dtaobh stádas “feirmeora ghníomhaigh” a chinneadh go gcuirfí ualach róthrom riaracháin ar údaráis bhainistíochta agus ar fheirmeoirí. Tugann an laghdú ar na critéir lena léirítear stádas “feirmeora ghníomhaigh” freagra, go pointe áirithe, ar ár n-ábhar imní. Níl an togra lena cheadú do na Ballstáit gan cur i bhfeidhm a dhéanamh ar na forálacha lena gceanglaítear ar na tairbhíthe a bheith ina “bhfeirmeoirí gníomhacha” ag teacht leis an moladh uainn i dTuarascáil Speisialta Uimh. 5/2011 ⁽¹⁾, áfach.

Conclúid

139. Breithnímid gur réasúnach é an moladh i ndáil le simpliú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcritéar chun stádas “feirmeora ghníomhaigh” a léiriú, ach ní thacaímid le stop iomlán a chur le feidhmiú na bhforálacha lena gceanglaítear ar na tairbhíthe a bheith ina “bhfeirmeoirí gníomhacha”.

Íocaíocht d’fheirmeoirí ógaAn togra ón gCoimisiún

140. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a bhaint as Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 (Airteagal 269 de COM(2016) 605) an teorainn 90 heicteár nó teidlíochtaí íocaíochta i leith íocaíochtaí d’fheirmeoirí óga. Ba cheart gurb iad na Ballstáit a shocródh na huasteorainneacha sonracha ó thaobh heicteár agus teidlíochtaí íocaíochta agus gurb iadsan a chuirfeadh i bhfeidhm iad sa chás nach bhfágann na cistí atá ar fáil gur féidir gach iarratas ar chabhair a shásamh, agus sa chás sin amháin.

Ár n-anailís

141. Tá sé i gceist le híocaíochtaí den sórt sin éascú d’fheirmeoirí óga iad féin a bhunú agus don choigeartú struchtúrach ar a ngabháltas tar éis a mbunaithe. Breithnímid go ginearálta nach bhfuil gabháltas feirme ina bhfuil níos mó ná 90 heicteár i bpróiseas bunaithe ná i bpróiseas coigeartaithe struchtúraigh a thuilleadh. Ba cheart gabháltas feirme den sórt sin a bheith inmhathana go leor i dtaobh airgid chun costas aon choigeartaithe struchtúraigh eile a iompar.

Conclúid

142. Molaimid coinneáil le huasteorainn heicteár nó teidlíochtaí íocaíochta.

SainmhínteAn togra ón gCoimisiún

143. In RAB tugann an Coimisiún isteach roinnt sainmhínte nua agus athraíonn sé roinnt sainmhínte atá ann cheana.

Ár n-anailís

144. Tá cuid de na sainmhínte sin neamhiomlán nó ar neamhréir le doiciméid eile de chuid an Choimisiúin nó leis an dea-chleachtas atá inghlactha go ginearálta.

145. Mar shampla, ní dhealraíonn sé go léirítear sa sainmhíniú ar an “ráthaíocht bhuiséadach” (Airteagal 2(9)) gurb amhlaidh go seasfaidh oibleagáid airgeadais fhéideartha go dtí aibíocht an chomhaontaithe deiridh a shíneofar le faighteoir deiridh ráthaíocht an Aontais.

146. Mar a luadh cheana i dTuarascáil Speisialta Uimh. 19/2016 ⁽²⁾ uainn, níl an sainmhíniú ar an “éifeacht ghíarála” soiléir agus ní leantar leis na treoirlínte atá inghlactha go hidirnáisiúnta. Níl soiléiriú déanta air in RAB Airteagal 2(33). Lena chois sin, tugtar isteach sainmhíniú nua ar an “éifeacht iolraitheora” atá gar den sainmhíniú ar ghíaráil. (In Airteagal 202(d), baintear leas as an dá théarma mar mhalairt ar a chéile, rud a thógann arís eile ó shoiléire an choincheapa.)

⁽¹⁾ Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2011 — An Scéim Íocaíochta Aonair: saincheistanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun feabhas a chur ar an mbainistíocht fhóna airgeadais ina taobh.

⁽²⁾ I dTuarascáil Speisialta Uimh. 19/2016 — Cur chun feidhme bhuiséad AE trí ionstraimí airgeadais — ceachtanna atá le foghlaim ón gclárthréimhse 2007-2013, molaimid “go mba cheart don Choimisiún a chur ar fáil sa Rialachán Airgeadais (agus ina dhiaidh sin i rialacháin earnaála) sainmhíniú ar ghíaráil ionstraimí airgeadais is infheidhme i ngach réimse de bhuiséad AE, ina ndéantar idirdhealú soiléir idir gearáil ranníocaíochtaí príobháideacha agus ranníocaíochtaí poiblí náisiúnta faoin OP agus/nó gearáil ranníocaíochtaí caipitil phríobháidigh nó phoiblí breise, agus ina gcuirtear san áireamh cineál na hionstraimne atá i gceist. Ba cheart a léiriú go soiléir sa sainmhíniú sin conas a chinntear na méideanna ó AE agus ó ranníocaíochtaí poiblí náisiúnta, b’fhéidir ag teacht le treoirlínte ECFE ar an ábhar sin”.

147. In RA agus sna rialacháin earnála araon, moltar sraith beart atá dírithe ar chur leis an bhfócas ar thorthaí agus ar aschuir. I dtorthaí iniúcháireachta le déanaí ⁽¹⁾, áfach, díródh aird air go bhfuil difríochtaí suntasacha in úsáid na dtéarmaí sin idir gníomhaíochtaí an Choimisiúin.

Conclúid

148. Molaimid:

- na sainmhínithe atá beartaithe in RAB a ailíniú leis an dea-chleachtas atá ann cheana;
- lena n-áirítear na sainmhínithe ar “aschur” agus “toradh” in RA. Ba cheart cloí leis na sainmhínithe sin sna rialacháin earnála freisin.

Ghlac an Chúirt Iniúcháirí i Lucsamburg an Tuairim seo ag a cruinniú an 26 Eanáir 2017.

Thar ceann na Cúirte Iniúcháirí
Klaus-Heiner LEHNE
An tUachtarán

⁽¹⁾ Tuarascáil bhliantúil 2015, mír 3.54 go mír 3.59; tuarascáil bhliantúil 2014, mír 3.52 agus mír 3.92.

IARSCRÍBHINN I

TÉACS MODHNAITHE AN CHOIMISIÚIN AGUS MOLTAÍ NA CÚIRTE

Téacs sa togra	Moladh na Cúirte
<p><i>Airteagal 69 Comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom</i></p> <p>6. Déanfaidh iniúchóir seachtrach neamhspleách a fhíorú go dtugann cuntais bhliantúla na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo léargas ceart ar ioncam, caiteachas agus staid airgeadais an chomhlachta ábhartha roimh an gcomhdhlúthú i gcuntais deiridh an Choimisiúin. Mura bhforáiltear a mhalaírt sa bhunghníomh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ullmhóidh an Chúirt Iniúchóirí tuarascáil bhliantúil shonrach maidir le gach comhlacht i gcomhréir le ceanglais Airteagal 287(1) CFAE. Agus an tuarascáil sin á hullmhú aici, breithneoidh an Chúirt an obair iniúcháireachta a bheidh déanta ag an iniúchóir seachtrach neamhspleách agus an ghníomhaíocht a bheidh glactha mar fhreagairt ar thorthaí an iniúcháir.</p>	<p><i>Airteagal 69 Comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom</i></p> <p>6. Déanfaidh iniúchóir seachtrach neamhspleách a fhíorú go dtugann cuntais bhliantúla na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo léargas ceart ar ioncam, caiteachas agus staid airgeadais an chomhlachta ábhartha roimh an gcomhdhlúthú i gcuntais deiridh an Choimisiúin. <u>Déanfaidh an t-iniúchóir seachtrach neamhspleách a fhíorú chomh maith go bhfuil arthas an t-ioncam uile agus gur tabhaíodh an caiteachas uile ar mhodh dleathach rialta.</u> Mura bhforáiltear a mhalaírt sa bhunghníomh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ullmhóidh an Chúirt Iniúchóirí <u>tuarascáil bhliantúil ar na torthaí iniúcháireachta</u> Tuarascáil Bhliantúil Shonrach maidir le gach comhlacht <u>maidir leis na comhlachtaí a thagann faoin airteagal seo</u> i gcomhréir le ceanglais Airteagal 287(1) CFAE. Agus an tuarascáil sin <u>tuarascáil den sórt sin</u> á hullmhú aici, breithneoidh an Chúirt an obair iniúcháireachta a bheidh déanta ag an iniúchóir seachtrach neamhspleách agus an ghníomhaíocht a bheidh glactha mar fhreagairt ar thorthaí an iniúcháir.</p>
<p><i>Airteagal 70 Comhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí</i></p> <p>Maidir leis na comhlachtaí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu a bunaíodh le bunghníomh agus a bhfuil cur chun feidhme comhpháirtíochta poiblí príobháidí de chúram orthu, glacfaidh siad a rialacha airgeadais.</p> <p>Áireofar leis na rialacha sin sraith prionsabal is gá chun bainistíocht fhónta airgeadais i ndáil le cistí de chuid an Aontais a áirithiú.</p> <p>Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun an Rialachán Airgeadais a fhorlíonadh le heiseamláir de rialachán airgeadais lena leagfar síos na prionsabail is gá chun bainistíocht fónta airgeadais ar chistí an Aontais a áirithiú agus a bheidh bunaithe ar Airteagal 149.</p> <p>Ní fhéadfaidh rialacha airgeadais na gcomhlachtaí sin imeacht ón eiseamláir de rialachán airgeadais ach amháin i gcás ina n-éileoidh a sainriachtanais amhlaidh agus le toiliú roimh ré ón gCoimisiún.</p> <p>Beidh feidhm ag mír 2, mír 3 agus mír 4 d'Airteagal 69 maidir le comhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí.</p>	<p><i>Airteagal 70 Comhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí</i></p> <p>Maidir leis na comhlachtaí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu a bunaíodh le bunghníomh agus a bhfuil cur chun feidhme comhpháirtíochta poiblí príobháidí de chúram orthu, glacfaidh siad a rialacha airgeadais.</p> <p>Áireofar leis na rialacha sin sraith prionsabal is gá chun bainistíocht fhónta airgeadais i ndáil le cistí de chuid an Aontais a áirithiú.</p> <p>Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun an Rialachán Airgeadais a fhorlíonadh le heiseamláir de rialachán airgeadais lena leagfar síos na prionsabail is gá chun bainistíocht fónta airgeadais ar chistí an Aontais a áirithiú agus a bheidh bunaithe ar Airteagal 149.</p> <p>Ní fhéadfaidh rialacha airgeadais na gcomhlachtaí sin imeacht ón eiseamláir de rialachán airgeadais ach amháin i gcás ina n-éileoidh a sainriachtanais amhlaidh agus le toiliú roimh ré ón gCoimisiún.</p> <p>Beidh feidhm ag mír 2, mír 3 agus mír 4 <u>go mír 6</u> d'Airteagal 69 maidir le comhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí.</p>
<p><i>Airteagal 123 Brath ar fhoinse eile le haghaidh iniúchadh</i></p> <p>Má rinne iniúchóir neamhspleách iniúchadh ar na ráitis agus na tuarascálacha airgeadais ina leagtar amach úsáid na ranníocaíochta ón Aontas ar bhonn caighdeán atá inghlactha go hidirnáisiúnta a bhfuil cinnteacht réasúnta leis, is ar an iniúchadh sin a bheidh an chinnteacht fhoriomlán bunaithe, de réir na sonraíochtaí breise, más iomchuí, atá sna rialacha a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith.</p>	<p><i>Airteagal 123 Brath ar fhoinse eile le haghaidh iniúchadh</i></p> <p>Má rinne iniúchóir neamhspleách iniúchadh ar na ráitis agus na tuarascálacha airgeadais ina leagtar amach úsáid na ranníocaíochta ón Aontas ar bhonn caighdeán atá inghlactha go hidirnáisiúnta a bhfuil cinnteacht réasúnta leis, is ar an iniúchadh sin a bheidh an chinnteacht fhoriomlán bunaithe, <u>féadfar an t-iniúchadh sin a chur san áireamh i gcomhthéacs an iniúchta ar chaiteachas de chuid an Aontais,</u> de réir na sonraíochtaí breise, más iomchuí, atá sna rialacha a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith. <u>Chun na críche sin, cuirfear tuarascáil an iniúcháir neamhspleách agus na doiciméid iniúcháireachta ghaolmhara ar fáil don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí arna iarraidh sin dóibh.</u></p>

Téacs sa togra	Moladh na Cúirte
<p><i>Airteagal 126 Comhpháirtíochtaí creata airgeadais</i></p> <p>3. Chun costais agus sochair iniúchtaí a bharrfheabhsú, féadfar comhaontuithe iniúchta nó fíorúcháin a thabhairt i gcrích le daoine nó eintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun pointe (c) d'Airteagal 61(1) nó tairbhíthe de dheontais. I gcás an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, beidh feidhm ag an gcomhaontú trípháirteach a tugadh i gcrích leis an gCoimisiún agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta.</p>	<p><i>Airteagal 126 Comhpháirtíochtaí creata airgeadais</i></p> <p>3. Chun costais agus sochair iniúchtaí a bharrfheabhsú, féadfar comhaontuithe iniúchta nó fíorúcháin a thabhairt i gcrích le daoine nó eintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun pointe (c) d'Airteagal 61(1) nó tairbhíthe de dheontais. I gcás an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, beidh feidhm ag an gcomhaontú trípháirteach a tugadh i gcrích leis an gCoimisiún agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta. <u>Ní chuirfidh comhaontuithe den sórt sin srian le rochtain na Cúirte Iniúchóirí ar fhaisnéis is gá chun cistí de chuid an Aontais a iniúchadh.</u></p>
<p><i>Airteagal 211 Rialacha i ndáil le ráthaíochtaí buiséadacha</i></p> <p>2. Féadfar ranníocaíochtaí ó na Ballstáit chuig ráthaíochtaí buiséadacha de bhun Airteagal 201(2) a thabhairt i bhfoirm ráthaíochtaí nó i bhfoirm airgid thirim.</p> <p>Deonófar méid a bheidh níos mó ná an méid a chuirtear in iúl i bpointe (a) de mhír 1 thar ceann an Aontais. Déanfaidh an Ballstát atá ag ranníoc nó trú páirtithe íocaíochtaí ar ráthaíocht a ghlaoch isteach, nuair is iomchuí, ar bhonn <i>pari passu</i>. Síneoidh an Coimisiún comhaontú leis na ranníocóirí ina mbeidh, go háirithe, forálacha a bhaineann leis na coinníollacha íocaíochta.</p>	<p><i>Airteagal 211 Rialacha i ndáil le ráthaíochtaí buiséadacha</i></p> <p>2. Féadfar ranníocaíochtaí ó na Ballstáit chuig ráthaíochtaí buiséadacha de bhun Airteagal 201(2) a thabhairt i bhfoirm ráthaíochtaí nó i bhfoirm airgid thirim.</p> <p>Deonófar méid a bheidh níos mó ná an méid a chuirtear in iúl i bpointe (a) de mhír 1 thar ceann an Aontais. Déanfaidh an Ballstát atá ag ranníoc nó trú páirtithe íocaíochtaí ar ráthaíocht a ghlaoch isteach, nuair is iomchuí <u>bprionsabal</u>, ar bhonn <i>pari passu</i>. Síneoidh an Coimisiún comhaontú leis na ranníocóirí ina mbeidh, go háirithe, forálacha a bhaineann leis na coinníollacha íocaíochta.</p>
<p><i>Airteagal 247 Rialacha agus nós imeachta i ndáil leis an iniúchóireacht</i></p> <p>1. Agus scrúdú á dhéanamh ag an gCúirt Iniúchóirí ar cé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas an t-ioncam go léir agus ar tabh-aíodh an caiteachas go léir ar bhealach dleathach cuí, féachfar do na Conarthaí, don bhuiséad, don Rialachán seo, do na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus na gníomhartha eile go léir arna nglacadh de bhun na gConarthaí. Sa scrúdú sin cuirfear san áireamh gur ar bhonn ilbhliantúil a dhéanfar na cláir, chomh maith leis na córais mhaoirseachta agus rialaithe lena mbaineann.</p>	<p><i>Airteagal 247 Rialacha agus nós imeachta i ndáil leis an iniúchóireacht</i></p> <p>1. Agus scrúdú á dhéanamh ag an gCúirt Iniúchóirí ar cé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas an t-ioncam go léir agus ar tabh-aíodh an caiteachas go léir ar bhealach dleathach cuí, féachfar do na Conarthaí, don bhuiséad, don Rialachán seo, do na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus na gníomhartha eile go léir arna nglacadh de bhun na gConarthaí. Sa scrúdú sin cuirfear san áireamh gur ar bhonn ilbhliantúil a dhéanfar na cláir, chomh maith leis na córais mhaoirseachta agus rialaithe lena mbaineann.</p>
<p><i>Airteagal 249 Ceart rochtana na Cúirte Iniúchóirí</i></p> <p>1. Déanfaidh an Coimisiún, na hinstiúidí eile, na comhlachtaí a riarann ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais agus faighteoirí deiridh íocaíochtaí ón mbuiséad, na saoráidí uile agus an fhaisnéis uile a chur ar fáil don Chúirt Iniúchóirí a mheasann an Chúirt is gá chun a cúram a chur i gcrích. Cuirfidh siad ar fáil don Chúirt Iniúchóirí gach doiciméad a bhaineann le dámhachtain agus feidhmíocht conarthaí arna maoiniú ag an mbuiséad agus gach cuntas airgid thirim nó cuntas ábhair, gach taifead cuntasáíochta nó doiciméad tacaíochta, agus gach doiciméad riaracháin lena mbaineann, gach doiciméad a bhaineann le hioncam agus le caiteachas, gach fardal, cairteanna eagraíochtúla uile na ranna, a mheasann an Chúirt Iniúchóirí is gá chun iniúchóireacht a dhéanamh ar an tuarascáil ar an gcur chun feidhme buiséadach agus airgeadais ar bhonn na dtaifead nó iniúchóireachta ar an láthair agus, chun na críocha céanna, na doiciméid agus na sonraí uile arna gcruthú nó arna stóráil go leictreonach.</p>	<p><i>Airteagal 249 Ceart rochtana na Cúirte Iniúchóirí</i></p> <p>1. Déanfaidh an Coimisiún, na hinstiúidí eile, na comhlachtaí a riarann ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais agus faighteoirí deiridh íocaíochtaí ón mbuiséad, na saoráidí uile agus an fhaisnéis uile a chur ar fáil don Chúirt Iniúchóirí a mheasann an Chúirt is gá chun a cúram a chur i gcrích. Cuirfidh siad ar fáil don Chúirt Iniúchóirí, <u>ar iarraidh uaithi</u>, gach doiciméad a bhaineann le dámhachtain agus feidhmíocht conarthaí arna maoiniú ag an mbuiséad agus gach cuntas airgid thirim nó cuntas ábhair, gach taifead cuntasáíochta nó doiciméad tacaíochta, agus gach doiciméad riaracháin lena mbaineann, gach doiciméad a bhaineann le hioncam agus le caiteachas, gach fardal, cairteanna eagraíochtúla uile na ranna, a mheasann an Chúirt Iniúchóirí is gá chun iniúchóireacht a dhéanamh ar an tuarascáil ar an gcur chun feidhme buiséadach agus airgeadais ar bhonn na dtaifead nó iniúchóireachta ar an láthair agus, chun na críocha céanna, na doiciméid agus na sonraí uile arna gcruthú nó arna stóráil go leictreonach. <u>Aireofar le ceart rochtana na Cúirte an rochtain ar an gcóras TF a úsáidtear le haghaidh bainistiú an ioncaim nó an chaiteachais atá faoi réir a iniúchta.</u></p>

Téacs sa togra	Moladh na Cúirte
<p>Cuirfidh na comhlachtaí iniúchóireachta inmheánaí agus seirbhís eile na rialtas náisiúnta lena mbaineann ar fáil don Chúirt Iniúchóirí gach saoráid a mheasann sí is gá chun a cúram a chur i gcrích.</p> <p>2. Déanfaidh oifigigh a ndéanann an Chúirt Iniúchóirí seiceáil ar a gcuid oibríochtaí an méid seo a leanas:</p> <p>(a) a dtaifid ar airgead tirim ar láimh, nó ar aon airgead tirim eile, aon urrúis eile agus aon ábhair eile de chineál ar bith, agus na doiciméid tacaíochta maidir lena maoirseacht ar na cistí atá de chúram orthu, agus aon leabhar, aon chlár nó aon doiciméad eile a bhaineann leo a nochtadh;</p> <p>(b) an comhfhreagras agus doiciméid ar bith eile a theastaíonn i gcomhair chur chun feidhme iomlán na hiniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 247 a thíolacadh.</p> <p>Ní fhéadfaidh ach an Chúirt Iniúchóirí an fhaisnéis arna soláthar faoi phointe (b) den chéad fhomhír a iarraidh.</p> <p>3. Beidh sé de chumhacht ar an gCúirt Iniúchóirí iniúchóireacht a dhéanamh ar na doiciméid maidir le hioncam agus le caiteachas an Aontais atá i seilbh ranna na n-institiúidí agus, go háirithe, atá i seilbh na ranna atá freagrach as cinntí maidir leis an ioncam agus an caiteachas sin, atá i seilbh na gcomhlachtaí a riarann ioncam agus caiteachas thar ceann an Aontais, agus atá i seilbh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad.</p> <p>4. Áireofar mar chuid den chúram a bhaineann le háirithe go bhfuarthas an t-ioncam agus gur tabhaíodh an caiteachas ar bhealach dleathach agus cuí agus go raibh an bhainistíocht airgeadais fónta, an fheidhm a bhain comhlachtaí lasmuigh de na hinstiúidí as cistí de chuid an Aontais a fuarthas trí ranníocaíocht.</p> <p>5. Maoiniú an Aontais a íocar le faighteoirí lasmuigh de na hinstiúidí, beidh sé faoi réir chomhaontaithe i scríbhinn ó na faighteoirí sin nó, in éagmais comhaontaithe óna dtaobhsan, ó na conraitheoirí nó ó na fochonraitheoirí, agus beidh an maoiniú sin faoi réir iniúchóireachta ag an gCúirt Iniúchóirí maidir leis an úsáid a baineadh as an maoiniú a deonaíodh.</p> <p>6. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil don Chúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di, aon fhaisnéis faoi oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt.</p> <p>7. Ní bheidh sé de thoradh ar úsáid córas comhtháite ríomhair-eachta go laghdófaí rochtain ag na Cúirte Iniúchóirí ar na doiciméid tacaíochta.</p>	<p>Cuirfidh na comhlachtaí iniúchóireachta inmheánaí agus seirbhís eile na rialtas náisiúnta lena mbaineann ar fáil don Chúirt Iniúchóirí gach saoráid a mheasann sí is gá chun a cúram a chur i gcrích.</p> <p>2. Déanfaidh oifigigh a ndéanann an Chúirt Iniúchóirí seiceáil ar a gcuid oibríochtaí an méid seo a leanas:</p> <p>(a) a dtaifid ar airgead tirim ar láimh, nó ar aon airgead tirim eile, aon urrúis eile agus aon ábhair eile de chineál ar bith, agus na doiciméid tacaíochta maidir lena maoirseacht ar na cistí atá de chúram orthu, agus aon leabhar, aon chlár nó aon doiciméad eile a bhaineann leo a nochtadh;</p> <p>(b) an comhfhreagras agus doiciméid ar bith eile a theastaíonn i gcomhair chur chun feidhme iomlán na hiniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 247 a thíolacadh.</p> <p>Ní fhéadfaidh ach an Chúirt Iniúchóirí an fhaisnéis arna soláthar faoi phointe (b) den chéad fhomhír a iarraidh.</p> <p>3. Beidh sé de chumhacht ar an gCúirt Iniúchóirí iniúchóireacht a dhéanamh ar na doiciméid maidir le hioncam agus le caiteachas an Aontais atá i seilbh ranna na n-institiúidí agus, go háirithe, atá i seilbh na ranna atá freagrach as cinntí maidir leis an ioncam agus an caiteachas sin, atá i seilbh na gcomhlachtaí a riarann ioncam agus caiteachas thar ceann an Aontais, agus atá i seilbh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad.</p> <p>4. Áireofar mar chuid den chúram a bhaineann le háirithe go bhfuarthas an t-ioncam agus gur tabhaíodh an caiteachas ar bhealach dleathach agus cuí agus go raibh an bhainistíocht airgeadais fónta, an fheidhm a bhain comhlachtaí lasmuigh de na hinstiúidí as cistí de chuid an Aontais a fuarthas trí ranníocaíocht.</p> <p>5. Maoiniú an Aontais a íocar le faighteoirí lasmuigh de na hinstiúidí, beidh sé faoi réir chomhaontaithe i scríbhinn ó na faighteoirí sin nó, in éagmais comhaontaithe óna dtaobhsan, ó na conraitheoirí nó ó na fochonraitheoirí, agus beidh an maoiniú sin faoi réir iniúchóireachta ag an gCúirt Iniúchóirí maidir leis an úsáid a baineadh as an maoiniú a deonaíodh.</p> <p>6. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil don Chúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di, aon fhaisnéis faoi oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt.</p> <p>7. Ní bheidh sé de thoradh ar úsáid córas comhtháite ríomhair-eachta go laghdófaí rochtain ag na Cúirte Iniúchóirí ar na doiciméid tacaíochta. <u>Aon uair is féidir go teicniúil, tabharfar rochtain leictreonach ar shonraí agus doiciméid is gá i gcomhair na hiniúchóireachta don Chúirt Iniúchóirí ina háitreabh féin.</u></p>
<p><i>Airteagal 250 Tuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí</i></p> <p>1. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí don Choimisiún agus do na hinstiúidí i dtrácht faoin 15 Meitheamh aon bharúil a mheasann sí ba cheart a bheith sa tuarascáil bhliantúil. Fanfaidh na barúlacha sin faoi rún agus beidh siad faoi réir nós imeachta sár-aíochta. Cuirfidh gach institiúid a freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 15 Deireadh Fómhair. Seolfar freagraí na n-institiúidí, seachas an Coimisiún, chuig an gCoimisiún ag an am céanna.</p>	<p><i>Airteagal 250 Tuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí</i></p> <p>1. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí don Choimisiún agus do na hinstiúidí i dtrácht faoin 15 1530 Meitheamh aon bharúil a mheasann sí ba cheart a bheith sa tuarascáil bhliantúil, <u>ionas go mbeidh an institiúid lena mbaineann in ann a cuid barúlacha a thabhairt fúthu.</u> Fanfaidh na barúlacha sin faoi rún agus beidh siad faoi réir nós imeachta sár-aíochta. Cuirfidh gach institiúid a freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 15 Deireadh Fómhair Iúil. Seolfar freagraí na n-institiúidí, seachas an Coimisiún, chuig an gCoimisiún ag an am céanna.</p>

Téacs sa togra	Moladh na Cúirte
<p>2. Beidh measúnú ar fhóntas na bainistíochta airgeadais sa tuarascáil bhliantúil.</p> <p>3. Beidh roinn do gach institiúid sa tuarascáil bhliantúil. Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí aon tuarascáil achomair nó aon bharúlacha ginearálta a mheasann sí a bheith iomchuí, a chur leis an tuarascáil.</p> <p>Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí gach beart riachtanach chun a áirithiú go bhfoilseofar freagraí gach institiúide ar a barúlacha in aice nó tar éis na mbarúlacha lena mbaineann siad.</p> <p>4. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí chuig na húdaráis atá freagrach as urscaoileadh a thabhairt agus chuig na hinstitiúidí eile, faoin 15 Samhain, a tuarascáil bhliantúil mar aon le freagraí na n-institiúidí agus áiritheoidh sí go bhfoilseofar in <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i> iad.</p>	<p>2. Beidh measúnú ar fhóntas na bainistíochta airgeadais sa tuarascáil bhliantúil.</p> <p>3. Beidh roinn do gach institiúid sa tuarascáil bhliantúil. Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí aon tuarascáil achomair nó aon bharúlacha ginearálta a mheasann sí a bheith iomchuí, a chur leis an tuarascáil.</p> <p>Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí gach beart riachtanach chun a áirithiú go bhfoilseofar freagraí gach institiúide ar a barúlacha in aice nó tar éis na mbarúlacha lena mbaineann siad in éineacht leis an tuarascáil bhliantúil.</p> <p>4. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí chuig na húdaráis atá freagrach as urscaoileadh a thabhairt agus chuig na hinstitiúidí eile, faoin 15 Samhain, a tuarascáil bhliantúil mar aon le freagraí na n-institiúidí agus áiritheoidh sí go bhfoilseofar in <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i> iad.</p>
<p><i>Airteagal 251 Tuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí</i></p> <p>1. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht i dtrácht aon bharúil a mheasann sí ba cheart a bheith i dtuarascáil speisialta. Fanfaidh na barúlacha sin faoi rún agus beidh siad faoi réir nós imeachta sáraíochta.</p> <p>Déanfaidh an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann, de ghnáth laistigh de shé seachtaine tar éis na barúlacha sin a tharchur, aon fhreagraí is mian leo a thabhairt a chur in iúl don Chúirt Iniúchóirí i dtaca leis na barúlacha sin. Déanfar an tréimhse sin a fhionraí i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo, go háirithe más rud é, le linn nós imeachta na sáraíochta, gur gá go bhfaighidh an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann aiseolas ó na Ballstáit d'fhonn bailchríoch a chur ar a fhreagra.</p> <p>Leis na freagraí ón institiúid nó ón gcomhlacht lena mbaineann tabharfar aghaidh go díreach agus go heisiach ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.</p> <p>Áiritheoidh an Chúirt Iniúchóirí go ndréachtófar tuarascálacha speisialta agus go nglacfar iad laistigh de thréimhse chuí ama, ar tréimhse í nach mbeidh de ghnáth níos faide ná 13 mhí.</p> <p>Déanfar na tuarascálacha speisialta, mar aon leis na freagraí ó na hinstitiúidí nó na comhlachtaí i dtrácht, a tharchur gan mhoill chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, agus cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcomhar leis an gCoimisiún i gcás inarb iomchuí, cén ghníomhaíocht a bheidh le déanamh mar fhreagairt.</p> <p>Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí gach beart riachtanach chun a áirithiú go bhfoilseofar na freagraí ar a barúlacha ó gach institiúid nó ó gach comhlacht lena mbaineann in aice le gach barúil lena mbaineann siad, nó ina ndiaidh, agus foilseoidh sí an amlíne chun an tuarascáil speisialta a dhréachtú.</p>	<p><i>Airteagal 251 Tuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí</i></p> <p>1. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht i dtrácht aon bharúil a mheasann sí ba cheart a bheith i dtuarascáil speisialta <u>ionas go mbeidh an institiúid lena mbaineann in ann a cuid barúlacha a thabhairt fúthu.</u> Fanfaidh na barúlacha sin faoi rún agus beidh siad faoi réir nós imeachta sáraíochta.</p> <p>Déanfaidh an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann, de ghnáth laistigh de shé seachtaine tar éis na barúlacha sin a tharchur, aon fhreagraí is mian leo a thabhairt a chur in iúl don Chúirt Iniúchóirí i dtaca leis na barúlacha sin. Déanfar an tréimhse sin a fhionraí i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo, go háirithe más rud é, le linn nós imeachta na sáraíochta, gur gá go bhfaighidh an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann aiseolas ó na Ballstáit d'fhonn bailchríoch a chur ar a fhreagra.</p> <p>Leis na freagraí ón institiúid nó ón gcomhlacht lena mbaineann tabharfar aghaidh go díreach agus go heisiach ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.</p> <p>Áiritheoidh an Chúirt Iniúchóirí go ndréachtófar tuarascálacha speisialta agus go nglacfar iad laistigh de thréimhse chuí ama, ar tréimhse í nach mbeidh de ghnáth níos faide ná 13 mhí.</p> <p>Déanfar na tuarascálacha speisialta, mar aon leis na freagraí ó na hinstitiúidí nó na comhlachtaí i dtrácht, a tharchur gan mhoill chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, agus cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcomhar leis an gCoimisiún i gcás inarb iomchuí, cén ghníomhaíocht a bheidh le déanamh mar fhreagairt.</p> <p>Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí gach beart riachtanach chun a áirithiú go bhfoilseofar na freagraí ar a barúlacha ó gach institiúid nó ó gach comhlacht lena mbaineann in aice le gach barúil lena mbaineann siad, nó ina ndiaidh, agus foilseoidh sí an amlíne chun an tuarascáil speisialta a dhréachtú <u>in éineacht leis an tuarascáil speisialta.</u></p>

IARSCRÍBHINN II

TUAIRISCIÚ

Tuairisciú tráthrialta ón gCoimisiún (bunaithe ar RAR)		Tuairisciú tráthrialta beartaithe ón gCoimisiún (RAB)		An t-athrú atá molta ag Cúirt Iníúcháirí na hEorpa	
Dáta	Tuarascáil	Dáta	Tuarascáil	Á cur i láthair lena hiniúchadh	Tuarascáil
1	1 Márta "n+1" Cuntais shealadacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí eile don bhliain "n"	1 Márta "n+1"	Cuntais shealadacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí eile don bhliain "n"	1 Márta "n+1"	Cuntais shealadacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí uile don bhliain "n"
2	31 Márta "n+1" Cuntais shealadacha an Choimisiúin agus cuntais shealadacha chomhdhlúite an Aontais don bhliain "n"	31 Márta "n+1"	Cuntais shealadacha an Choimisiúin agus cuntais shealadacha chomhdhlúite an Aontais don bhliain "n"	31 Márta "n+1"	Cuntais chomhdhlúite shealadacha an Aontais don bhliain "n"
3	31 Márta "n+1" Tuarascáil ar Bhainistíocht Bhuiséadach agus ar Bhainistíocht Airgeadais don Bhliain "n" (Airt-eagal 142 RAR)	31 Márta "n+1"	Tuarascáil ar Bhainistíocht Bhuiséadach agus ar Bhainistíocht Airgeadais don Bhliain "n" (Airt-eagal 241 RAB)	1 Márta "n+1"	Tuarascáil ar Bhainistíocht Bhuiséadach agus ar Bhainistíocht Airgeadais don Bhliain "n" (Airteagal 241 RAB)
4	15 Meitheamh "n+1" Achoimre ar na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí (Airt-eagal 66(9) RAR)	31 Iúil "n+1"	San áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 239 RAB)	31 Márta "n+1"	Tuarascáil Cuntasachta Aonair
5	Meastóireacht ar riocht airgeadais an Aontais ar bhonn na dtorthaí atá bainte amach (Airteagal 318 CFAE)	31 Iúil "n+1"	San áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 239 RAB)	1 Bealtaine "n+1"	Tuarascáil ar leithligh ina bhfuil míniú ar mhéid agus torthaí na meastóireachtaí ar fud chaiteachas agus bheartais eile AE
6	1 Iúil "n+1" Tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí don bhliain "n"	31 Iúil "n+1"	San áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 239 RAB) Dhéanfaí faisnéis feidhmíochta a thuirisciú trí na ráitis chláir a ghabhann leis an dréachtbhuiséad		Doiciméid inmheánacha an Choimisiúin. Níl aon ghá iad a chlúdach sa RA. D'fhéadfaí an phríomhfaisnéis feidhmíochta a áireamh sa Tuarascáil Mheastóireachta
7	1 Iúil "n+1" Cuntais chríochnaitheacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí eile don bhliain "n" (Airteagal 148 RAR)	1 Iúil "n+1"	Cuntais chríochnaitheacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí eile don bhliain "n" (Airteagal 238 RAB)	15 Meitheamh "n+1"	Cuntais chríochnaitheacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí uile don bhliain "n"

	Tuiriscíú tráthrialta ón gCoimisiún (bunaithe ar RAR)		Tuiriscíú tráthrialta beartaithe ón gCoimisiún (RAB)		An t-athrú atá molta ag Cúirt Iníúchóirí na hEorpa	
	Dáta	Tuarascáil	Dáta	Tuarascáil	Á cur i láthair lena hiniúchadh	Tuarascáil
8	31 Iúil "n+1"	Cuntais chríochnaitheacha chomhdhlúite agus cuntais an Choimisiúin don bhliain "n" (Airteagal 148 RAR)	31 Iúil "n+1"	Cuntais bhliantúla chomhdhlúite (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 238(5) agus Airteagal 239 RAB)	30 Meitheamh "n+1"	Cuntais bhliantúla chomhdhlúite
9	31 Iúil "n+1"	Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iníúchóirí Cosaint bhuiséad AE go dtí deireadh na bliana "n"	31 Iúil "n+1"	Tuarascáil maidir le gníomhartha coisctheacha agus ceartaitheacha a chlúdaíonn buiséad AE (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 239 RAB)	31 Márta "n+1"	Tuarascáil maidir le gníomhartha coisctheacha agus ceartaitheacha a chlúdaíonn buiséad AE (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 239 RAB)
10		Tuarascáil ar leas airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint (an comhrac i gcoinne na calaoise) (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 325 CFAE)	31 Iúil "n+1"	Tuarascáil ar leas airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint (an comhrac i gcoinne na calaoise) (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 325 CFAE)	31 Márta "n+1"	Tuarascáil ar leas airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint (an comhrac i gcoinne na calaoise) (mar chuid den phacáiste tuairiscithe airgeadais comhtháite) (Airteagal 325 CFAE)
11		Tuarascáil ar na hiniúchtaí inmheánacha (Airteagal 99(5) RAR)	31 Iúil "n+1"	Tuarascáil ar na hiniúchtaí inmheánacha (Airteagal 116(8) RAB)	31 Márta "n+1"	San áireamh sa Tuarascáil Cuntasachta Aonair
12		Tuarascáil ar na bearta leantacha ar an urscaoileadh (Airteagal 165(3) RAR)	31 Iúil "n+2"	Tuarascáil ar na bearta leantacha ar an urscaoileadh (Airteagal 253(3) RAB)		
13	15 Meitheamh "n+1"	Tuarascáil ar Chistí Ion-taobhais		Tuarascáil ar Chistí Ion-taobhais (Airteagal 244 RAB)	30 Meitheamh "n+1"	San áireamh mar ráiteas chomhdhlúite sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite
14	1 Meán Fómhair "n+1"	Dréachtbhuiséad don bhliain "n+2"	1 Meán Fómhair "n+1"	Dréachtbhuiséad — Lena n-áirítear freisin faisnéis ar ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais — Ráitis chláir		

Tuiriscíú tráthrialta ón gCoimisiún (bunaithe ar RAR)		Tuiriscíú tráthrialta beartaithe ón gCoimisiún (RAB)		An t-athrú atá molta ag Cúirt Iníúcháirí na hEorpa	
Dáta	Tuarascáil	Dáta	Tuarascáil	Á cur i láthair lena hiniúchadh	Tuarascáil
15 Meán Fómhair	Tuarascáil maidir leis na rioscaí reatha a tugadh chun suntais, na treochtaí ginearálta a tugadh faoi deara, na saincheisteanna nua cuntasáíochta ar thángthas orthu agus faisnéis faoi ghnóthúcháin (Airteagal 150(4) RAR)	15 Meán Fómhair	Tuarascáil maidir leis na rioscaí reatha a tugadh chun suntais, na treochtaí ginearálta a tugadh faoi deara, na saincheisteanna nua cuntasáíochta ar thángthas orthu agus faisnéis faoi ghnóthúcháin (Airteagal 243 RAB)	1 Meán Fómhair	Tuarascáil maidir leis na rioscaí reatha a tugadh chun suntais, na treochtaí ginearálta a tugadh faoi deara, na saincheisteanna nua cuntasáíochta ar thángthas orthu agus faisnéis faoi ghnóthúcháin (Airteagal 243 RAB)
16	Tuarascáil maidir le ráthaíochtaí buiséadacha agus rioscaí (Airteagal 149)		Arna chumasc leis an tuarascáil ar ionstraimí airgeadais a ghabhann leis an dréachtbhuiséad		
17	Deireadh Fómhair/ Samhain "n+1"	Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le hionstraimí airgeadais a fhaigheann tacaíocht ón mbuiséad ginearálta (Airteagal 140(8) RAR)	1 Meán Fómhair "n+1"	Tuarascáil ar ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnaimh airgeadais, dliteanais theagmh-asacha agus an ciste don soláthar coiteann (Airteagal 39(4)(5), 50(1)(d), 242 RAB). Arna tiolacadh in éineacht leis an dréachtbhuiséad don bhliain n+2	

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA